



## **Tuarascáil Bhliantúil 2010**

**Coiste Iniúchta  
an Roinn Gnóthaí Eachtracha  
agus Trádála**

# Clár

<b>Ráiteas an Chathaoirligh .....</b>	<b>3</b>
<b>Ballraíocht an Choiste Iniúchta.....</b>	<b>6</b>
<b>Oibríocht an Choiste Iniúchta .....</b>	<b>7</b>
<b>Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2010 .....</b>	<b>9</b>
1. Córais Bhainistíochta Faisnéise agus Smachtaithe Inmheánacha.....	9
2. Iniúchadh Inmheánach.....	11
3. Luacháil .....	13
4. Riosca a Aithint .....	15
5. Gnéithe Eagraíochta agus Acmhainne.....	18
<b>Aguisín 1 – Cairt an Choiste Iniúchta.....</b>	<b>200</b>
<b>Aguisín 2 – Timpeallacht Iniúchta na Roinne.....</b>	<b>21</b>
<b>Aguisín 3 – Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2010 .....</b>	<b>24</b>
<b>Aguisín 4 – Doiciméid Phríomha gur Bhreathnaigh an Coiste Iniúchta Orthu .....</b>	<b>25</b>
<b>Aguisín 5 - Cur i Láthair a Ghlac an Coiste Iniúchta leo.....</b>	<b>26</b>
<b>Aguisín 6 - Achoimre ar an gCaiteachas Vóta 2010 (Neamh-iniúchta) .....</b>	<b>27</b>
<b>Aguisín 7 – Iniúchtaí agus Luacháilí gur Tugadh aghaidh Orthu i 2010.....</b>	<b>30</b>
<b>Aguisín 8 – Freagraí Bainistíochta agus Ath-Leanúint ar Mholtaí an Choiste Iniúchta .....</b>	<b>34</b>

## Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais don gCoiste Iniúchta an seachtú tuarascáil bhliantúil a thabhairt do Rúnaí Ginearálta an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Leanann an Roinn ag feidhmiú i dtimpeallacht dúshlánach ó thaobh an bhuiséid de. Tá na comharthaí uile ann gur i ngéire a rachaidh na laincísí ar bhainistíocht chaiteachais poiblí de chuid an Rialtais le staidéar níos géire á dhéanamh ar an uile chlár chaiteachas poiblí ionas go bhfaighfí na luacha is fearr as a chuid airgid don íocaí cánach. Déanann an Tábla a leanann achoimre ar thionchar laghdaithe an airgid ar Vótaí na Roinne Taispeánann táirgeacht sealadach na bhfigiúirí do 2010 laghdú de 29% ina iomlán i gcomparáid leis an iomlán a vótáladh don bhliain ba mhó 2008.

	<b>Meastachán Athraithe 2010 €m</b>	<b>Táirgeacht Sealadach 2010 €m</b>	<b>Buaic-Tháirgeacht 2008 €m</b>	<b>Íslíú Caiteachais ón mBuaic €m</b>	<b>Íslíú Caiteachais ón mBuaic %</b>
Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha	191	181	217	36	17
Vóta 29 Comhoibriú Idirnáisiúnta	535	523	768	245	32
Iomlán	726	704	985	281	29

Mar thoradh ar na coinníollacha athraithe seo, dhírigh clár oibre an Choiste do 2010 ar ghnéithe “luach as an airgead”, mar éifeacht an chúnamh, simpliú, agus aitheantas bainistíocht an riosca mar a bheidh soiléir ón achoimre a leanann *Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2010*.

Mar atá léirithe ar an dTábla thuas, tá an clár Cúnamh Éireann (An Vóta le h-aghaidh Chomhar Idirnáisiúnta) ag seasamh do chéatadán ard de chaiteachas iomlán na Roinne. Creideann an Coiste Iniúchta nuair a bhíonn tréimhse ina mbíonn cúngú leanúnach ar an gcaiteachas poiblí ba cheart do chlár Cúnamh Éireann a bheith dírithe níos mó do fhiontair go mbeadh nirt faoi leith le tairiscint acu iontu. Caithfidh sé a bheith in ann a léiriú go bhfuil an idirghabháil dírithe ar thorthaí atá luaite go soiléir agus gur féidir iad a thomhas. Má tugtar aird níos mó ar chastacht an chlár a laghdú éascóidh sé le Cúnamh Éireann lena dhualgas a chomhlíonadh speisialtóireacht ranna bhreise agus comhréire an deonaí a aimsiú mar a bhí beartaithe faoi Ráiteas Paris 2004 ar éifeacht an chúnamh.

Tá tábhacht aitheantas agus bainistíocht an riosca mar théama athfhillteach i dTuarascála Bliantúla an Choiste Iniúchta le déanaí, mar sin tá sé sásúil a thabhairt faoi ndeara gur tharla forbairtí suaithinseacha le linn 2010, go raibh de éifeacht acu bainistíocht riosca mar chuid de chroí lár bhainistíocht na Roinne. Déanann Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne athbhreithniú anois clár riosca na Roinne ar bhonn ráithe agus tá an Rúnaíocht Bhainistíochta Riosca neartaithe. Creideann an Coiste Iniúchta gur chóir do na struchtúir nua atá curtha in áit ailíniú níos cóngaraí a mhealladh idir Chlár Riosca na Roinne le plan oibre an iniúchta inmheánaigh. Tá an Coiste ag moladh ceapachán Oifigigh Phríomha Riosca, ag tuairisciú go

díreach chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne chun béim níos mó a chur ar thábhacht bhainistíocht riosca i leith ghnó na Roinne a chur i gcríoch.

Ag am nuair atá laghdú i gcúrsaí bhuiséid ag cur cruatain trom ar mhórán dár gcathróirí, tá sé níos tábhachtaí gan dearmad a dhéanamh den fhírinne go bhfuil d'aidhm ag na cláir de chuid Chúnamh Éireann an t-anró a laghdú i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan. Mar sin féin tá buairt faoin leibhéal caimiléireachta atá ag leibhéal nach féidir glacadh leis, faoi struchtúir laga rialtas i dtíortha páirtíochta atá mar riosca leanúnach do sheachada cabhrach do na tíortha sin. Tá buairt ar an Coiste Iniúchta faoi líon na dtuarascálacha iniúchta cáilithe a léireodh laigí do eiseachada sa bhfeidhm iniúchta i dtíortha páirtíochta agus molann sé gur chóir do Chúnamh Éireann, agus iad ag comhoibriú le deonaithe eile, leanúint leis an dtacaíocht le neartú Oifig an Ard Iniúcháir i dtíortha páirtíochta.

Cuireann an Coiste Iniúchta an-bhéim ar thábhacht obair Ghrúpa Oibre Chúnamh Éireann ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí atá ag forbairt chritéir ar mheasúnú bhainistíocht airgeadais phoiblí i dtíortha páirtíochta. Táthar ag súil go dtabharfaidh na measúnaithe seo faoi ghnéithe mar thairbhe na socraithe do iniúchtaí inmheánacha agus eachtracha, faoi dhearmad parlaiminte agus chaighdeán na cuntasáíochta ginearálta agus na tuairisceora agus, ina dhiaidh sin, dul i bhfeidhm ar Phleananna Straitéise Tíortha do thíortha an chláir. Ba cheart go mbeadh mar thoradh ar seo cinnteacht níos mó i leith seachada an chúnamh trí chórais páirtíochta rialtais.

Chun críoch a chur le h-ócáidí calaoise pé áit go dtarlaíonn siad caithfear bheith ar a airdeall de shíor. Cé go bhfuil polasaithe frith-calaoise i bhfeidhm ag Cúnamh Éireann, ina bhfuil Cód Iompair i leith déileáil le calaois in eagraíochtaí páirtíochta caithfear súil a chaitheamh orthu ó am go chéile chun a dheimhniú go bhfuil na córais bhainistíochta dírithe ar ócáidí calaoise a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu pé áit a tharlaíonn siad.

Le linn 2010 leith-dháil Cúnamh Éireann €100 milliún dá pháirtithe sa ENR trí scéimeanna móra deontais mar an Scéim Chlár Il-Bhliantúil (SCIB) do chúig cinn de ENR móra, an Scéim Bhloc-Dheontais do 22 páirtí breise, deontais Tionscnamh do 55 páirtí eile agus tacaíocht (€17 milliún) do eagraíochtaí a bhaineann le misinéirí. Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh an bhéim atá á chur anois ag Cúnamh Éireann ar athchruthú a dhéanamh ar na socruithe deontais seo ionas go mbeidís ag braith níos mó ar conas mar a oibríonn siad.

Cúis díomá a thabhairt faoi ndeara le linn athbhreithniú lár-théarma de scéim SCIB don tréimhse idir 2006 go 2011 gur thángthas ar an dtuairim nach raibh frámaí oibre soiléire ag na páirtithe chun torthaí a thomhas. Tá luacháil phleanáilte den scéim SCIB ar siúl anois a sholáthróidh measúnú bunaithe ar fhianaise neamh-spleách ar conas mar ar chabhraigh na páirtithe SCIB le bochtaineacht agus le soghontacht a íslíú i dtíortha na páirtíochta. Treoróidh an measúnú seo an straitéis um chistiú Chúnamh Éireann ar bhonn mar a úsáidtear é i leith fhorbairt an ranna ENR ins na blianta atá romhainn amach agus tabharfaidh sé comhairle ar conas mar a d'fhéadfadh páirtithe GNR a gclár a neartú agus tá an Coiste Iniúchta ag súil go ndéanfadh sé athbhreithniú ar a thorthaí níos déanaí i mbliana.

Cuireadh in iúl don Choiste Iniúchta go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa dtionscnamh chun Aonad Airgeadais amháin a chruthú don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Ba cheart go ndeimhneodh seo go mbeadh bainistíocht airgeadais níos comhtháite trasna na Roinne agus teastaíonn ón gCoiste go gcuirfí i gcríoch go luath agus go rafar é. Leagann an Coiste amach arís a sheasamh mar atá sé leagtha amach ina Thuarascáil Bhliantúil do 2009

gur chóir go mbeadh cumas iomchuí cuntasáíochta san Aonad, agus gur chóir go mbeadh cáilíocht chuntasáíochta phroifisiúnta ag Ceann an Aonad Airgeadais , ach go h-áirithe.

Tharla roinnt mhór-athruithe i mballraíocht an Choiste Iniúchta le linn 2010. Sheas an tAthair Gerry O'Connor, John Pittock agus Mike Scott síos nuair a bhí críoch tagtha lena dtréimhse san oifig. D'fhriotháil an triúr acu ar an gCoiste thar bhlianta fada agus chuireadar go suaithinseach leis an gcoiste trína phróifíl agus a stádas a bhuanú. Bhí a bproifisiúntacht agus a dtiomantas mar ábhar inspioráide agus bhíodar tiomanta i gcónaí féachaint go gcloífeadh an Coiste Iniúchta le fáth a bhunaithe. Bhí an t-Athair Gerry O Connor mar an chéad Chathaoirleach ar an gCoiste agus d'fhan sé sa phost sin go dtí Meitheamh 2009 nuair a tháinig John Pittock mar chomharba air agus a sheas síos ag deireadh Mhí na Nollag 2010. Sholáthraíodar beirt ceannasaíocht suaithinseach le linn a dtréimhse arson.

Ceapadh Aidan Eames agus Dónal Corcoran don gCoiste Iniúchta le linn na bliana chun dul i dteannta leis na baill reatha eile ag friotháil – Maura Quinn, Dr. Richard Boyle agus Philip Furlong. Friothálann baill uile an Choiste ar bhonn deonaigh.

Ar son an Choiste Iniúchta ba mhaith liom ar mbuíochas a chur in iúl, go h-oifigiúil, do bhainistíocht agus do fhoireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála dá gcuid léiriúchán don gCoiste agus ar son na comhairle agus na treorach a sholáthraíodar. Táimid fíor-bhuíoch ar fad toisc caighdeán na tacaíochta oibre a sholáthar an tAonad Iniúchta agus Luachála de chuid na Roinne - William Carlos, Tom Hennessy, Dónal Murray, Seamus O Grady, Anne Barry agus Patricia Ryan.

**Philip Furlong**  
**Cathaoirleach an Choiste Iniúchta**

**Meitheamh 2011**

## **Ballraíocht an Choiste Iniúchta**

Pioctar baill an Choiste Iniúchta ó lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Ceaptar iad ag Rúnaí Ginearálta na Roinne.

Le linn 2010 ba iad baill an Choiste:

Mr John Pittock, Cathaoirleach an Choiste (ó Iúl 2009), atá ina chuntasóir cairte, a bhí ina Chathaoirleach ar Deloitte cheana (Ceaptha Mí na Samhna 2003, ar scor ón gCoiste Iniúchta ar an 31ú Nollag 2010).

An tAthair Gerard O'Connor, C.Ss.R, a oibríonn i bParóiste Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath, go bhfuil cúlra aige i bhforbairt agus i gcuntasaíocht. Bhí sé mar an chéad Chathaoirleach ar an gCoiste ó Mhí na Samhna 2003 go dtí Meitheamh 2009 (ar scor 30 Meitheamh 2010).

Tá Mr. Michael Scott mar Cheann, tráth, ar Luacháil agus Iniúcha, Cúnamh Éireann (Ceaptha Meitheamh 2006, ar scor 31 Nollaig 2010).

Tá Dr. Richard Boyle mar Cheann Taighde, Institiúid Riarachán Poiblí (Ceaptha Eanáir 2008).

Bhí Mr Philip Furlong mar Rúnaí Ginearálta, tráth dá raibh, ar An Roinn Turasóireachta, Spóirt agus Ealaíona (Ceaptha Eanáir 2008, agus ceaptha ina Chathaoirleach le h-éifeacht ó Eanáir 1 2011).

Tá Ms. Maura Quinn ina Príomh Oifigeach ar Institiúid Stiúrthóirí in Éirinn agus tráth bhí sí ina Stiúrthóir Feidhmeach ar UNICEF Éire (Ceaptha Iúl 2009).

Tá Mr Dónal Corcoran ina Chuntasóir Bainistíochta Cairte agus ina Chomhairleoir Bainistíochta ar scor (Ceaptha Iúl 2010).

Tá Mr Aidan Eames ina dhlíodóir agus é ina chathaoirleach tráth don ghníomhaireacht pearsanra thar lear (Ceaptha Iúl 2010).

## Oibríocht an Choiste Iniúchta

Clúdaíonn obair an Choiste Iniúchta an dá Vóta go bhfuil an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála freagrach astu – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Cúnamh Éireann). Tá ról an Choiste Iniúchta leagtha amach ina chairt (Aguisín 1). Tá cur síos ar thimpeallacht iniúchta na Roinne in Aguisín 2.

Bíonn sraith de chruinnithe rialta ar siúl ag an gCoiste, ina glacann sé tuairiscí agus léiriúcháin, ina ndéanann sé moltaí don Roinn, agus déanann sé rianú ar an dul chun cinn. Bhí naoi gcinn de chruinnithe ar siúl ag an gCoiste i 2010 agus bhuaíl sé leis an Rúnaí Ginearálta, chomh maith. Le linn na gcruinnithe ghlac an Coiste comhairle ón Stiúrthóir Ginearálta agus ón leas Stiúrthóir Ginearálta de chuid Chúnamh Éireann, ó Cheann Roinne na Seirbhísí Corparáideacha agus ó fhoireann tábhachtacha eile.

Baineann an tuarascáil seo le clár oibre an Choiste Iniúchta do 2010. De bharr ama agus sceideal na n-iniúchtaí ciallaíonn sé go mbaineann na tuarascála gur dhein An Coiste athbhreithniú orthu le linn 2010 le caiteachas a bhain le blianta roimh 2010. Tá an dála céanna bainteach le tuarascála luachála os rud é go bhféachann luachála, de ghnáth, ar idirghabháil chlár thar thréimhsí ama níos faide.

Tá an t-Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh Cuntas Leithghabhála na Roinne agus d'eisíodh tuairim neamhcháilithe do gach vóta i leith 2009. Tá iniúchadh de Chuntais Leithghabhála 2010 ar siúl le linn críochnú na tuarascála seo.

Le linn 2010 dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus thoilíodar le clár na h-oibre le bheith déanta le linn na bliana ag an Aonad Luachála agus Iniúchta agus d'oibríodar lámh ar lámh leis an Aonad. Dhein an Coiste athbhreithniú, chomh maith, ar chur i bhfeidhm an chlár luachála agus iniúchta le linn na bliana.

I measc ábhar príomha clúdaithe ag an gCoiste Iniúchta le linn 2010 bhí:

- Ag obair trí Chórais Rialtais Páirtíochta i dtÍortha an Chláir
- Uasdátú ar shnaidhmeadh le chéile Aonad Airgeadais na Roinne
- Bainistíocht ar Riosca
- Uasdátú ar Ghnéithe a bhain le Vóta 28 agus feidhmiú an Smachta Immheánaigh don dá Vóta
- Critéir ar mheasúnú Éifeacht an Chúnamh agus Bhainistíocht Airgid Phoiblí i dtíortha an chláir
- Athbhreithniú ar dhearcadh do chistiú páirtithe ENR
- Clúdach Iniúchta i dtíortha an chláir
- Seirbhís na bPas

Tá tuilleadh mion-shonraí ar obair an Choiste Iniúchta i 2010 faoi iamh ins na h-Aguisíní:

- Aguisín 3: Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2010
- Aguisín 4: Doiciméid tábhachtacha gur bhreathnaigh an Coiste Iniúchta orthu
- Aguisín 5: Cur i láthair a ghlac an Coiste Iniúchta leo

I measc ghnéithe tosaíochta an Choiste Iniúchta do 2011 tá:

- Córas Bainistíochta Riosca na Roinne
- Athbhreithniú ar oibríocht na gcóras smachta airgeadais trasna na Roinne
- Athbhreithniú ar úsáid chóras airgeadais rialtais páirtíochta
- Neartú na gcóras measúnaithe agus monatóireachta
- Luacháil ar éifeacht na gClár SCIB
- Iarmhartaí ar chur i bhfeidhm na moltaí luachála
- Éifeacht an Chúnamh
- Córais Chistíochta Éigeandála agus Daonnúil



# Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2010

## Torthaí agus Moltaí do 2010

De réir mar a deir a Chairt, tá saothar an Iniúchta dírithe ar na h-ábhair seo a leanas

1. Córais Bhainistíochta Faisnéise agus Smachtaithe Inmheánacha
2. Iniúchadh Inmheánach
3. Luacháil
4. Aitheantas an Riosca
5. Gnéithe Eagrúcháin agus Acmhainne

Tá ráitis an Choiste agus na moltaí faoi gach ceann de na h-ábhair seo leagtha amach i ranna na tuarascála a leanas.

### 1. Córais Bhainistíochta Faisnéise agus Smachtaithe Inmheánacha

Thug an t-Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairim iniúchta neamh-cháilithe ar na cuntais leithdháilte do Vótaí 28 agus 29 don bhliain airgeadais 2009.

Dheimhnigh an t-Oifigeach Cuntasaíochta ina ráiteas ar Smachtaithe Airgeadais Inmheánacha a ghabh leis an gCuntas Leithghabhála 2009 go raibh córas smachta airgeadais inmheánach éifeachtach i bhfeidhm i rith na bliana ar fad. Chuir pearsanra sinsearacha bainistíochta an Coiste Iniúchta ar a n-eolas, go foirmiúil, ar oibríocht na smachtaithe inmheánacha airgeadais i 2010 agus tá an Coiste ag súil le h-eolas dá leithéid a fháil go rialta amach anseo.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil plan na Roinne chun na h-aonaid airgeadais atá ag oibriú go neamhspleách faoi láthair do Vótaí 28 agus 29 a nascadh le chéile ag dul ar aghaidh anois, agus go bhfuil, de thoradh moltaí an Choiste Iniúchta, struchtúr soiléir bainistíochta tionscnaimh ann anois le Bord Tionscnaimh (a thuiriscíonn don Choiste Comhairleach Bainistíochta trína chathaoirleach), le Bainisteoir Tionscnaimh agus le Foireann Tionscnaimh. Cuireadh in iúl don Choiste Iniúchta go mbeidh céim a 1, eadhon uasghrádú teicniúil na gcóras airgeadais críochnaithe faoi Aibreán. Tá d'aidhm ag an dara céim bonn cuntasaíochta an dá Vóta a chur in oiriúint dá chéile, chomh fada agus is féidir, chomh-cheangal eagraíochta an dá aonad airgeadais a chur chun cinn agus buntáiste a bhaint as an ardán coiteann chun feidhmeanna nua a chur ar aghaidh. Athdhearbhaíonn an Coiste Iniúchta an tábhacht a bhaineann leis an athrú chuig córas smachta airgeadais chomhtháite Uile-Ranna chun a dheimhniú go n-eiseachdair an leibhéal is airde de smacht inmheánach agus de bhainistíocht riosca.

### Moladh

**Tá an Coiste iniúchta ag brú ar an Roinn chomhcheangal na n-Aonad Airgeadais don dá Vóta a bhrostú chomh luath agus is féidir. Ba cheart línte ama soiléire agus clochmhílte a leagadh síos don dara céim den dtionscnamh.**

Tá an Coiste Iniúchta tar éis tacar cuimsitheach de fhreagraí bainistíochta ar na moltaí dá thuarascáil bhliantúil 2009 a dhéanamh (féach ar Aguisín 8). Deireann na freagraí bainistíochta go bhfuil na moltaí glactha ag na Roinn, agus tá dul chun cinn suathinseach

déanta ina gcur i bhfeidhm. Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh bhunú próiseas chomhordaithe chun moltaí an Choiste Iniúchta a leanúint atá anois á threorú ag Roinn na Seirbhísí Corparáideacha le h-ionchur suntasach ón Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha.

Dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an ndul chun cinn i gcur i bhfeidhm na moltaí i 2008 i dtaobh athbhreithniú faoi Luach as an Airgead i Seirbhís na bPas. Thug an Coiste faoi ndeara gur tugadh aird ar na moltaí príomha. Mar sin féin, cuireadh in iúl don Choiste Iniúchta de bharr an cosc ag an rialtas ar earcaíocht do sheirbhísigh stáit, go raibh sé deacair ionramháil a dhéanamh ar chléirigh shealadacha chun buaicphointí séasúracha a shásamh. D'Ardaigh costais an phárolla don Roinn, i ndáiríre, de bharr an laincis seo mar bhí ar an Roinn dul i muinín rag obair chun a dheimhniú go raibh acmhainní foirne dóthanacha ann. Géaraíodh ar fhadhbanna, agus tháinig méadú ar chostais phárolla i 2010 toisc go raibh stailc i Seirbhís na bPas. Tuigtear don Choiste Iniúchta gur moladh in athbhreithniú ar sholáthar seachtrach foirne a rinne an Coimisinéir um Chaidreamh Oibreachais le déanaí go bhfoinseofaí méadú eatramhach i líon foirne na Seirbhíse láir Pas trí fhoireann a ath-implonú as áiteanna eile sa tseirbhís phoiblí agus go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil air seo ó tharla leasuithe ar sholáthar na seirbhíse a bheith beartaithe d'Oifigí na bPas. Is eol don Choiste go bhfuil an Roinn ag plé an mholta seo i láthair na huaire leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tacaíonn sé go tréan lena cuid iarrachtaí sa bheart seo.

## **Moladh**

**Molann an Coiste Iniúchta go leanfaidh an Roinn den phlé gníomhach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun socrú a dhéanamh maidir leis an líon foirne is gá chun freastal ar éilimh shéasúracha na Seirbhíse Pas.**

Thug an Coiste Iniúchta faoi ndeara anuraidh nár réitigh líon iomlán na bPas eisithe trí Chóras na bPas Uathoibrithe leis an airgead ginte faoin Chóras Bainistíochta Airgeadais. Thagair an t-Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste dó san leis ina thuarascáil ar Chuntas Leithghabhála na Roinne 2009. Tá an Roinn tar éis a chur in iúl don Choiste Iniúchta cé go bhfuil méid substaintiúil den airgead ó na pasanna ag réiteach (m.sh. Pas an Phoist faoi Dheabhadh, a fhreagraíonn do c.58% de na táillí iomlána) bheadh sé an-chasta go teicniúil agus costasach fiosrú comhréitithe de bharr na bhfoinsí éagsúla óna dtagann na táillí pasanna agus castacht an chórais m.sh. pasanna eisithe ag Ambasáid thar lear, éagsúlachtaí i malartáin eachtracha, agus araile. In ainneoin an easpa chomhréire seo, dheimhnigh an Roinn go bhfuil smachta daingne in áit i leith fála agus taisce na dtáillí ag Ceanncheathrúna agus ag Misin agus chomh maith ar bhainistíocht stoc leabhar na bPasanna agus na sonraí. Sé an dearcadh atá ag an Coiste Iniúchta go gcaitear cloí leis an aidhm córas chomhréire a chur in áit a dheimhneodh go réitíonn na táillí díolta le líon na bPasanna eisithe. Molann an Coiste gur chóir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo ins an iniúchadh atá molta i dtaobh bhainistíocht chóras na bPasanna atá ar an sceideal do 2011.

## **Moladh**

**Ba cheart don Roinn córas a fhorbairt ina mbeadh ionannas idir mhéid na bPasanna eisithe agus méid na dtáillí faighte. Ba chóir tabhairt faoin réiteach san iniúchadh a bheidh ar siúl ar sheirbhís na bPasanna ar ball.**

## 2. Iniúchadh Inmheánach

### San Roinn ar fad

Molann an Coiste an obair a thóg an t-Aonad Luachála agus Iniúchta idir lámha le linn 2010 chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar phróiseas pleanála iniúchta bunaithe ar riosca. Tacaíonn an Coiste le h-aidhm an Aonaid plean oibre an iniúchta a ailíniú le clár riosca na Roinne. Sula ndéanfar an t-ailíniú seo, áfach, a chur i gcríoch caitear an clár riosca a dhéanamh níos soiléire, trí, m.sh., na rioscaí a aithint níos dearfaí agus smachta iniúchta a aithint.

Chríochnaigh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta iniúchadh ar chóras Taistil agus Cothabhála na Roinne i 2010 mar a bhí molta cheana ag an gCoiste Iniúchta. Tá áthas ar an gCoiste gur chruthaigh an t-iniúchadh go bhfuil an córas iomchuí, go bhfeidhmíonn sé go maith tríd is tríd agus go gcloínn sé leis na rialacha cuí. Tugadh marc ard do phearsanra na Rannóige Iompair de bharr go rabhadar dícheallach, proifisiúnta agus aird á thabhairt acu ar chaíonna chun taisteal agus cothabháil a dhéanamh ar an gcostas is ísle. Mar sin féin tá roinnt gné atá fós ann atá mí-éifeachtach atá ag éirí as moill ag glacadh le teicneolaíocht mar Thaisteal agus Choithabháil Leictreonach. D'aithin an t-iniúchadh áiteanna ina bhféadfadh soiléiriú na rialúchán agus aird na bainistíochas a bheith dírithe níos mó go leanúnach mar nithe a uasghrádódh an luach as an airgead.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil an t-Iniúchadh ar Chaiteachas Lóistín ag teacht chun chríche agus tá sé ag súil leis an tuarascáil a fháil agus na torthaí a phlé a luaithe agus is féidir.

### Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Chomh maith le h-iniúchadh a dhéanamh ar an Roinn uile i leith chaiteachas ar Lóistín, chríochnaigh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta líon sannadh iniúchtaí ar Vóta 28 a dhírigh ar oibriú smachta inmheánacha in Aonad an Airgeadais agus i dhá Mhísean thar lear. Dheimhnigh na h-iniúchtaí seo go raibh na córais smachta inmheánacha ins an Aonad Airgeadais ag obair go h-éifeachtach.

Cuireadh in iúl don Choiste Iniúchta gur chuir an t-Aonad Luachála agus Iniúchta doiciméad straitéise sainiúil a bhí á fhorbairt do Vóta 28 ar ath-lá chun díriú ar thionscnamh pleanála iniúchta bunaithe ar riosca. D'Aithin an sannadh seo príomh-cheantair ghníomhaíochta do chlár iniúchta do Vóta 28 go bhfuil i gceist ag an Aonad a shnaidhmeadh san straitéis iniúchta.

### Moladh

**Ba cheart go mbeadh an straitéis iniúchta agus an plean oibre ilbhliantúil do Vóta 28 ceaptha go foirmiúil agus molta ag an Rúnaí Ginearálta.**

### Vóta 29 – Cúnamh Éireann

Tá buiséad Chúnamh Éireann dáilte faoi thrí theideal leathan – rialtais pháirtíochta, eagraíochtaí cumann sibhialta (a bhformhór díobh ina n-ENR), agus eagraíochtaí ilnáisiúnta (a bhformhór díobh mar na NA). Tá céatadán suaithinseach de chlár Chúnamh Éireann caite

ar thíortha á sheoladh trí chórais páirtíochta rialtais, go mbíonn laigí suntasacha sa chuntasaíocht, san iniúchadh agus i mbainistíocht airgid go ginearálta.

Chláraigh Éire do Dhearbhú Paris ar Éifeacht an Chúnamh a chuireann de dhualgas ar dheonaithe córais agus gnáthaimh thíortha d'úsáid chun cúnaimh a sheoladh seachas struchtúir speisialta a chruthú le h-aghaidh bhainistíochta ó lá go lá agus cur i bhfeidhm na dtionscnamh maoinithe ag an gcúnaimh. Ach, deir Dearbhú Paris, chomh maith, nuair nach bhfuil córais na tíre in oiriúint, m.sh. i stáit leochaileach go bhfuil an Rialtas ag tógáil córais feidhmiúcháin le cumas laga go minic, ba cheart slándáil bhreise agus bearta a bhunú i slí a neartaíonn seachas go lagaíonn sé córais agus gnáthaimh na tíre. Tá an Coiste Iniúchta den dtuairim má shásaítear riachtanais Dearbhú Paris níor chóir go gcuirfeadh sin isteach ar an aidhm airgead cháin-íocaí na h-Éireann a chosaint.

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh an bhéim atá á chur ar chláir struchtúrtha chun tabhairt faoi laigí sa Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí i dtíortha an chláir. Tugann na cláir athruithe seo aghaidh ar nithe mar bhuiséad, córais chuntasaíochta, soláthar poiblí, iniúchadh agus maoirseacht ghinearálta agus freagracht poiblí a chur sa phríomh áit. Tacaíonn an Coiste go láidir le baint leanúnach Cúnaimh Éireann leis an ngnó seo agus leis an mbéim a chuireann sé, ach go h-áirithe, ar an dtacaíocht a thugann sé do Oifigí Iniúchta Náisiúnta i dtíortha an chláir. Tugann ballraíocht Éireann san Tasc-Fhórsa ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí (faoi cheannas an Bhainc Domhanda), agus an pháirtíocht idir an Eagraíocht Idirnáisiúnta de Institiúid Cheannasaíochta Iniúchta agus na deonaithe (bunaithe chun tacú le neartú na n-Oifigí Iniúchta Náisiúnta i dtíortha atá ag teacht chun forbartha), an chaoi do Chúnamh Éireann dul i bhfeidhm ar scála níos leithne ar threo na n-athruithe i mbainistíocht an airgeadais poiblí. Tá an Coiste Iniúchta tar éis a thabhairt faoi ndeara go bhfuil roinnt de na h-Ard Bhailitheoirí Náisiúnta éirithe níos láidre san tslí ina láimhseálann siad gnéithe iniúchta agus smachta.

Cé go nglactar go bhfuil dualgais ag Éirinn mar pháirtí forbartha idirnáisiúnta, agus chomh maith go bhfuil leibhéal áirithe baoil i gceist i gcur i bhfeidhm chláir chúnamh, mar sin féin tá sí buartha faoin leibhéal réasúnta ard de thuairimí coinníollacha iniúchta mar aon le tuairimíocht faoi chaimiléireacht, a thagann ar an gcuid is mó ó na rialtais pháirtíochta. Glacann an Coiste Iniúchta leis go bhféadfadh tuairimí coinníollacha iniúchta a bheith ann de bharr mórán cúiseanna, ach ag an am gcéanna ceapann sé go bhfuil baol suntasach sa rud. Cuireann an Coiste fáilte roimh an bhéim atá á chur ag Cúnaimh Éireann ar an anailís agus ar an iar-chúram a tugtar do na gnéithe seo.

Cuireann an Coiste Iniúchta béim faoi leith ar Ghrúpa Oibre Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí Chúnamh Éireann, a bunaíodh go déanach i 2009, a chur chun cinn. Sé a bheidh in aschur príomha an ghrúpa oibre ná ráiteas faoi chritéir agus faoi threoirlínte i leith mheasúnú chóras Bainistíochta Airgeadais Phoiblí i dtíortha an chláir a bheidh snaidhmthe isteach i dtimthriall Chlár Straitéise na Tíre. Tabharfaidh na meastacháin, a bheidh á dhéanamh ag an Aonad Luachála agus Iniúchta, faoi iniúchadh eachtrach agus inmheánach, faoi mhaoirseacht parlaiminte, faoi chuntasaíocht agus faoi thuairisc agus faoin gclár athleasaithe BAP. Beidh torthaí na meastachán ins na gnéithe seo in ann cabhrú leis an Iniúchadh Inmheánach, ag baint úsáid as a bhreithiúnas proifisiúnta, a mholadh pé acu an bhfuil sé iomchuí do Chúnamh Éireann na córais tíortha d'úsáid, leanúint a n-úsáid nó tarraingt amach astu.

Tuigeann an Coiste Iniúchta go bhfuil i gceist ag an Aonad Luachála agus Iniúchta, chomh maith, fócas iniúchta níos géire a dhíriú ar chórais Chúnamh Éireann ar eagrú agus ar

mhonatóireacht na ndeontas do eagraíochtaí Cumann Sibhialta. Tionscnamh é seo go bhfuil fáilte roimhe. Féach, chomh maith, ina leith seo, ráitis bhreise an Choiste i Rannóg 4 den dTuarascáil seo: **Riosca a Aithint**

## **Moltaí**

**Ba cheart do Chúnamh Éireann, a luaithe agus is féidir, na critéir agus na treoirlínte a forbraíodh le déanaí a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar na Córais Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí i dtíortha an chláir agus ba chóir go leor acmhainní a chur ar fáil chuige sin.**

**Ba cheart do Chúnamh Éireann, ag comhoibriú le deonaithe eile, leanúint le tacaíocht a thabhairt do neartú cumas Oifigí an Ard-Bhailitheora i dtíortha páirtíochta.**

**Ba cheart do Chúnamh Éireann leanúint le monatóireacht ar thuairiscí iniúchta coinníollach, measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna gurbh ann dóibh agus nuair is cuí é a cheartú.**

**Ba cheart do Chúnamh Éireann straitéis iniúchta iomchuí a cheapadh le h-aghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht na n-eagraíochtaí Cumann Sibhialta.**

Tá mion-shonraí ar obair a bhaineann le h-iniúchadh ar chaiteachas Chúnamh Éireann le linn 2010 ag an Aonad Luachála agus Iniúchta, agus an clúdach iniúchta faighte, leagtha amach in Aguisín a 7.

## **3. Luacháil**

Tá sé ag éirí níos tábhachtaí do Ranna Rialtas na h-Éireann bheith in ann measúnú a dhéanamh ar éifeacht agus ar luach as an airgead ag na cláir a chuireann siad i bhfeidhm.

Tá cultúr sean-bhunaithe luachála ins an Stiúrthóireacht Comhar Forbartha/Cúnamh Éireann, áit ina bhfuil sé mar ghné lárnach i bpróiseas bainistíochta Cúnamh Éireann a ghineann eolas cuspóireach, bunaithe ar fhianaise a úsáidtear chun teacht ar chinneadh. Déanann luachála iarracht a mhíniú do scar-shealbhóirí príomha an méid gur éirigh nó nár éirigh lena n-idirghabhálacha forbartha agus a modúlacha agus na cúiseanna a bhí lena leithéid. Déanann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta coimisiúnú ar luachála ar ghnéithe a dhíríonn ar ghnéithe atá tábhachtach ó thaobh straitéise speisialta de do Chúnamh Éireann. Agus tacú á fháil ón Aonad Luachála agus Iniúchta, déanann Rannóga Oibríochta Chúnamh Éireann agus Ambasáidí luachála, chomh maith, go bhfuil baint díreach acu lena gceantair fhreagrachta agus dá riachtanais faisnéise.

Faid is atá codanna eile de obair na Roinne tar éis tairbhe a bhaint as scrúdú trí staidéir ar luach as an airgead, mar aon le cleachtais inmheánacha eile is é dearcadh an Choiste Iniúchta gur féidir le modh leathnaithe luachála cabhrú le pleanáil agus le bainistíocht san todhchaí. Tacaíonn an Coiste Iniúchta leis an aidhm Plean Luachála ilbhliantúil a tharraingt aníos don Roinn a chlúdaíonn an tréimhse 2011 – 2013 a rachadh lámh ar lámh le h-obair mheasúnaithe atá idir lámha.

I 2010 faoina phlean-oibre ilbhliantúil, dhein an t-Aonad Luachála agus Iniúchta clár cuimsitheach de obair luachála ag díriú ar an gclár cúnamh ina raibh na nithe a leanas i measc na bpríomh sannadh:

- Luacháil ar chur i bhfeidhm na hÉireann ar Dhearbhú Paris ar chúnamh
- Éifeacht, a tógadh idir lámha mar chuid de luacháil domhanda
- Luachála Chlár tíortha Chúnamh Éireann i Vietnam agus sa Tansáin
- Tosaíodh ar luacháil Chláir Thíortha Mósaimbíc
- Chomh-Luacháil le DFID ag clúdach an dá chlár thíortha sa Tansáin. Bé seo an chéad luacháil dá leithéid agus bhí mór-ádh leis ag laghdú costas idirghníomhaíochta na luachála don rialtas, a éascaíonn scrúdú níos doimhne agus anailís agus ag tacú le tras-fhoghlaim idir an dá dheonáí
- Tosaíodh ar an luacháil ar Chlár Il-bhliana tacaíochta do ENR (SCIB). Scrúdóidh sé an éifeacht atá ag SCIB ar shaothar, ar éifeacht, ar a bhfuil curtha i gcríoch agus ar a gcumas ag Concern, Goal, Trócaire agus Christian Aid mar thoradh ar na leibhéil suaithinseacha cúnamh soláthraithe faoi SCIB.

Tá liosta sonrath de na tionscail luachála leagtha amach in Aguisín 7.

Tá béim curtha ag an Coiste Iniúchta ar thábhacht na luachálacha neamhspleácha ar Chláir Straitéise Thíortha (CST) de bhrí go bhfuil cuid suntasach den gcistíocht ag dul trí na córais tíortha agus tá áthas orainn a thabhairt faoi ndeara, i gcás 2010, chomhoibrigh Cúnamh Éireann ar scála mór chomh-luacháil a dhéanamh leis an RA de chláir thíortha sa Tansáin. Tá an t-Aonad Luachála agus Iniúchta ag féachaint ar conas mar is féidir leis luachálacha (CST) a dhéanamh amach anseo a bheadh níos fearr ó thaobh nuálaíochta agus éifeachta de.

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh mholadh An Aonaid Luachála agus Iniúchta códú a dhéanamh ar phrionsabail, ar threoirínite agus ar chleachtas atá in úsáid faoi láthair le h-aghaidh tionscnaimh a luacháil agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt “Lámhleabhar Oibre” do Rannóg na Luachála a imlíneoidh na treoirínite, na prionsabail agus na cleachtais príomha do na luachálacha uile a dhéanfar laistigh den Roinn.

Tá an Coiste Iniúchta tar éis plé a dhéanamh leis an Aonad Luachála agus Iniúchta faoi na nósanna imeachta nuair a bhíonn na moltaí luachála curtha i bhfeidhm. Admhaíonn an Coiste go bhfuil nádúr roinnt mholtaí den chineál go bhfuil a chur i bhfeidhm mar athrú mall thar thréimhse nó mar phróiseas fad-théarmach. Mar sin féin, is gné é seo gur chóir don Roinn agus don Aonad athbhreithniú a dhéanamh air chun luach agus deiseanna foghlama na gcleachtas luachála a uasmhéadú.

## **Moladh**

**Molann an Coiste Iniúchta go neartaíonn an Roinn a gnáthaimh chun rianú a dhéanamh ar na moltaí luachála. Tá sé tábhachtach go bhfuil torthaí luachála agus na moltaí “i seilbh” agus déileáilte leo trasna na Roinne ar fad agus ní laistigh den Aonad Luachála agus Iniúchta amháin.**

## 4. Riosca a Aithint

### *Bainistíocht Riosca*

Ba cheart do aitheantas riosca agus bainistíocht fhoirmiúil riosca a bheith mar chuid bhunúsach den mbainistíocht. Tá Polasaí Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an Roinn atá fite fuaite i gcórais phleanála gnó.

Ón mbliain 2009, agus mar fhreagra ar chomhairle agus ar threoir an Choiste Iniúchta, tá an próiseas bainistíochta riosca ag dul ar aghaidh thar na bearta faoi threoir an Rúnaíochta Bhainistíochta Riosca a thuiriscíonn don Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB). Tá cáilíocht agus leibhéal idirghabhála le próiseas bainistíochta riosca neartaithe go mór le linn na bliana, agus déantar athbhreithniú ar chlár riosca na Roinne anois in aghaidh na ráithe ag an CCB. Aithníonn an Roinn go bhfuil scóip fós chun fócas an chláir riosca ina iomlán a ghéarú agus cuireadh in iúl don Choiste Iniúchta go bhfuil formáid nua á forbairt. Táthar ag súil go n-éascóidh an fhormaid seo pleán oibre inmheánach iniúchta a chur i gcomhréir le clár riosca na Roinne. Creideann an Coiste go gcuirfeadh sé béim ar thábhacht phróiseas bainistíochta riosca dá gceapfaí Príomh Oifigeach Riosca a thuirisceodh go díreach don Rúnaí Ginearálta.

I dteannta le bheith ag bainistiú riosca ag leibhéal na Roinne ina iomlán, tá measúnú riosca mar ghné príomha de mhór-chlár chleachtas phleanála Chúnamh Éireann. Tá an Coiste Iniúchta sásta, chomh maith, a thabhairt faoi ndeara go raibh ráiteas ar riosca, mar a bhí molta i dtuarascála cheana, faoi iamh i dtuarascáil bhliantúil Chúnamh Éireann do 2009, a admháíonn na rioscaí do bheith go dlúth is d'inneach sa chúnamh forbartha.

### **Moltaí**

**Molann an Coiste Iniúchta go gceapfaí Príomh Oifigeach Rioscaí a thuirisceoidh go díreach chuig an Rúnaí Ginearálta.**

**Ba cheart do thionscnamh 2009 chun tús a chur le h-athbhreithniú agus le neartú chur i bhfeidhm Clár agus Polasaí Bhainistíochta Riosca na Roinne, le h-uasdátú Chlár na Rioscaí agus comhtháthú Bhainistíochta Riosca san phróiseas pleanála gnó, rioscaí a admháil níos soiléire, smachtaí iniúchta agus straitéisí ceartaithe a aithint, agus é a chríochnú a luaithe agus is féidir.**

### *Fócas ar Thorthaí agus Castacht an Chláir Chúnamh*

I gcás Vóta 29 táthar tar éis a chur in iúl don Choiste Iniúchta go bhfuil dul chun cinn déanta ar fhorbairt agus ar sheoladh fráma oibre Thorthaí do Bhainistíocht le h-aghaidh Forbartha (TBAF). Straitéis bhainistíochta bunaithe ar thorthaí atá i gceist a dhíríonn ar oibríocht na forbartha agus ar fheabhsú inmharthana ag bonn tíre. Ina theannta san tá Cúnamh Éireann tar éis chomhoibriú le páirtithe an tsochaí shibhialta atá á maoiniú ag Scéim chlár Ilbhliantúil chun a bhfráma oibre do thorthaí a fhorbairt – agus ag an deireadh beidh modúl cistíochta bunaithe níos mó ar fheidhmíocht ag na ENR.

Tá an Coiste Iniúchta tar éis a thabhairt faoi ndeara cheana go léiríonn teorannú leanúnach airgeadais phoiblí an stáit agus laincisí ar acmhainní daonna an tábhacht a bhaineann castacht an chláir a ísliú chun go ndeimhneofaí go bhfanann sé dírithe ar na h-achair sin ina bhfuil nirt

faoi leith ar Chúnamh Éireann iontu. Tá sé riachtanach chomh maith go ndírítear go leanúnach ar an dtionchar a thomhas agus luach as an airgead a ghnóthú. Tá an laghdú ar chastacht an chlár i gcomhréir le dualgais na h-Éireann speisialtóireacht ranna níos mó agus chomhréire chleachtas na ndeonaithe, a chur i bhfeidhm mar ar aontaíodh faoi i Dearbhú Paris ar Éifeacht an Chúnamh agus i gClár chun Ghnímh Accra (2008).

Téann gníomhartha chun castacht a laghdú i bhfeidhm thar gach cuid den gelár agus tá d'aidhm acu a dheimhniú go bhfuil an clár dírithe ar cheantair gur féidir Cúnamh Éireann cur lena luach. Mar shampla, tá fócas san áireamh i gcás chleachtais Phleanáil Straitéise nua chun a aithint cá bhfuil an buntáiste comparáideach ina luí de chuid Chúnamh Éireann agus tá ranna roghnaithe bunaithe ar chritéir aontaithe. Baineann samplaí eile de chastacht íslithe le clár thacaíochta Chumainn Sibhialta – ina raibh líon na bpáirtithe maoinithe íslithe go suaithinseach agus ina bhfuil an chistíocht dírithe níos mó ar an Afraic fho-Sahara mar an príomh ceantar geografach do Chúnamh Éireann – agus ar na buiséid do shláinte domhanda agus do VEID, áit atá líon na bpáirtithe neartaithe chomh maith.

Cé go n-aithníonn sé go bhfuil ábhar dul chun cinn déanta, creideann an Coiste Iniúchta go gcuirfidh an cúngú airgeadais, mar aon le dúil an íocaí chánach i leith luach as a chuid airgid, brú níos mó ar Chúnamh Éireann uasmhéadú a dhéanamh ar éifeacht an chúnamh ina idirghabháil agus beidh an Coiste i gcomhairle leis an Roinn chun a fheiceáil cén tslí is fearr chun é seo a dhéanamh.

## **Moladh**

**Iarann an Coiste Iniúchta ar Chúnamh Éireann a fhócas a ghéarú ar na h-ábhair ghaolmhara éifeacht an chúnamh agus simplíocht an chúnamh. Nuair a bhíonn tréimhse go mbíonn cúngú leanúnach ar chúrsaí airgeadais creideann sé go mbíonn lucht íoctha cánach ag súil le seirbhís a bheith seachadta atá níos éifeachtaí ó thaobh costais de thar réimse chlár caiteachais an Rialtais, leis na cinn atá faoi riar ag Cúnamh Éireann ina measc.**

### *Calaois agus Éilliú*

Tugann an Coiste aitheantas go dtugann Cúnamh Éireann tacaíocht do na tíortha is boichte ar domhan, cuid acu agus an cháil orthu go bhfuil leibhéal ard éillithe iontu a théann i bhfeidhm go diúltach ar éifeacht na bpolasaithe i gcoinne bhochtaineachta. Aithníonn sé go mbíonn contúirt ann do dheonaithe, agus Éire ina measc, nuair a bhítear ag obair i dtír le ceannasaíocht lag inti. Tugann an Coiste aird ar iarracht leanúnach Chúnamh Éireann tabhairt faoi éilliú trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar fhreagracht, trí thacú le h-institiúidí poiblí maoirseachta, le h-athrú na parlaiminte agus leis na meáin chumarsáide neamhspleácha agus feabhas iomlán a chur ar an sochaí sibhialta chun dul i bhfeidhm air agus monatóireacht a dhéanamh ar chinneadh faoi pholasáí poiblí. Cé go mbíonn próisis iniúchta Chúnamh Éireann ag iarraidh cruthaithe a sholáthar faoi chistíocht phoiblí, spreagann an Coiste Iniúchta Cúnamh Éireann, ag oibriú lámh ar lámh le deonaithe eile, bualadh ar aghaidh gan staonadh gan stad le h-iarrachtaí chun na córais inmheánacha smachta a neartú agus na laigí iniúchta in eagraíochtaí páirtíochta a cheartú.

Molann an Coiste Iniúchta, sa mhéid is go bhfuil Polasáí Calaoise na Roinne agus an Cód Cleachtais Calaoise in Eagraíochtaí Páirtíochta ann le roinnt bhlianta anois, gur mithid athchuir a dhéanamh orthu agus iad a thógáil suas chun dáta. Molann an Coiste Iniúchta,



chomh maith, bunú an chláir chalaoise chun rianú a bhfuil déanta ag an Roinn mar fhreagra ar eachtraí calaoise a tharla le linn na bliana. Tá ábhar na rudaí sin roinnte leis an gCoiste.

## **Moltaí**

**Ba cheart do Cúnamh Éireann a dheimhniú go leanúnach go bhfuil a chórais bhainistíochta láidir go leor chun: (a) baol tarlaithe calaoise a laghdú chomh h-íseal agus is féidir (b) ócáidí calaoise in eagraíochtaí páirtíochta a fhiosrú agus déileáil leis go cuí agus go tráthúil agus (c) cuntas a choimeád ar gach tuairisc ar líomhain calaoise agus ar na fiosrúcháin déanta air.**

**Ba chóir don Roinn a Polasaí Calaoise agus a Cód Cleachtais ar Chalaois in Eagraíochtaí Páirtíochta a athbhreithniú agus na doiciméid a uasdátú nuair atá a leithéid riachtanach.**

### *Maoiniú an Chumainn Sibhialta*

Dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar chur chuige Chúnamh Éireann do pháirtithe maoinithe ENR. Tá trí scéim mhóra ann, siad san Scéim Cláir Ilbhliantúil (SCIB), a dhéanann maoiniú ar chúig cinn de na ENR is mó, Scéim na mBloc Dheontas (Maoiniú an Chumainn Sibhialta) a thugann tacaíocht do 22 páirtí (Éireannach agus Idirnáisiúnta) agus na Deontais Thionscnaimh (Maoiniú an Chumainn Sibhialta) a mhaoiníonn timpeall 55 de na páirtithe Éireannacha agus Idirnáisiúnta. Bhí timpeall €80.8m i maoiniú díolta do pháirtithe ENR trí na scéimeanna seo i 2010. I dteannta leis na scéimeanna maoinithe príomha, bhí sa bhreis ar €16 milliún soláthraithe d'eagraíochtaí misin (via Misean Cara) a thugann an chaoi do Ambasáidí i roinnt tíortha neamh-chláir maoiniú a dháileadh do ghníomhaíochtaí forbartha áitiúla. Go ginearálta, bhí nach mór €98 milliún i maoiniú díolta do pháirtithe Rannóg an Chumainn Sibhialta trí scéimeanna éagsúla (le SCIB, Bloc Deontais agus CSF san áireamh) i 2010.

Admhaíonn an Coiste Iniúchta gur dheimhniú Chúnamh Éireann iarrachtaí ins na blianta déanacha sruthlíniú a dhéanamh ar mhaoiniú do ENR agus, go háirithe, tacaíocht a thabhairt do chur chuige cláraigh i dtaobh sheachadadh cúnamh do na páirtithe SCIB níos mó. Fáiltíonn sé, áfach, tabhairt isteach córas measúnaithe nua agus maitrís le haghaidh ENR. Measann an Coiste, áfach, go bhfuil maoiniú scaipthe ró-éadrom trasna méid mór páirtithe, clár agus tíortha, agus sé is dóichí ná go gcuirfidh an iomad brú ar chumas monatóireachta Rannóg Cumann Sibhialta Chúnamh Éireann.

Tá an Coiste Iniúchta buartha faoi thoradh athbhreithniú lár-téarma scéim SCIB don dtréimhse 2006 go 2011 (déanta go luath i 2010), a fuair amach nach raibh creatlacha soiléire ag páirtithe chun torthaí a thomhas. Tugann an Coiste tacaíocht iomlán d'iarrachtaí Rannóg an Chumainn Sibhialta leanúint ag forbairt córais thomhaiste chun teacht ar chomhlíonadh eagraíochtaí ENR agus úsáid a bhaint as anailís dá leithéid níos mó agus níos mó mar an bonn do bhreitheanna maoinithe an todhchaí. Tá eolas dá leithéid tábhachtach, chomh maith, do mheasúnachtaí i dtaobh an bhfuil, nó, nach bhfuil luach as an airgead á bhaint amach. Mar sin, molann an Coiste Iniúchta an dul chun cinn a bhí déanta ag Cúnamh Éireann i dtaobh na gcóras a neartú le haghaidh mheasúnaithe, mhonatóireachta, athbhreithnithe, luacháil agus iniúchta agus táthar ag súil le feiceáil tar éis tamaill na conclúidí agus na moltaí a thiochfaidh as an luacháil mhór ar an gclár SCIB a thosaigh i Nollag 2010 agus tá sé le bheith críochnaithe le linn 2011.

## Moltaí

**Ba chóir go gcríochnódh Cúnamh Éireann neartú a gcórais le haghaidh riaradh agus monatóireacht a dhéanamh ar mhaoiniú an chumainn sibhialta leis an aidhm gnáthaimh mheasúnaithe láidre a chur i bhfeidhm do gach ENR chomh luath is atá sé praiticiúil. Go sonrach, ba chóir go n-éileodh sé, chomh maith, ar gach ENR dul isteach i gcomhaontais fhoirmiúla le Cúnamh Éireann le haghaidh sheachadadh aidhmeanna cláir shonraithe.**

**Ba chóir go mbunódh Cúnamh Éireann critéir a bhaineann le comhlíonadh le haghaidh maoiniú a dháileadh do pháirtithe SCIB.**

### *Dul chun cinn Eacnamaíochta i dtíortha an Chláir*

Tá ga le tuairisciú rialta de tháscairí eacnamaíochta chun an dul chun cinn a léiriú a bhíonn déanta ag eacnamaíochta tíortha ag forbairt. Ba chóir go mbeadh staitisticí fostaíochta, OTT in aghaidh an duine, fás daonra, fás san earnáil poiblí, ionchas saoil, uasdátú oideachais, rátáil truaillithe &rl san áireamh ann. Tá an chuid is mó den eolas seo le fáil go héasca gan aon taighde bhreise agus ba chóir go mbeadh sé léirithe ar a laghad uair sa bhliain. Ba chóir go léireodh sé seo ar scála éigin éifeacht na gclár tacaíochta buiséadacha.

## Moladh

**Ba chóir go bhfoilseodh Tuarascála Bliantúla Chúnamh Éireann sonraí comparáideacha ar chomhlíonadh macra-eacnamaíochta i dtíortha páirtíochta chun éascú a dhéanamh ar rianú an dul chun cinn a dhein na tíortha seo.**

## 5. Gnéithe Eagraíochta agus Acmhainne

Tuigeann an Coiste Iniúchta go n-éilíonn srianta buiséadacha an Roinn dul i dtairbhí ar acmhainní airgeadais laghdaithe agus ar laghdú i méid na foirne. Tuigeann sé go bhfuil dul chun cinn mór bainte amach cheana féin. Tá na struchtúir thuairiscithe tithe, tá prósacha oibre á shruthlíniú agus tá aonad pleanála tiomnaithe cruthaithe (Aonad Straitéise agus Comhlíonadh). Tá bainistíocht déanta ar shriantaí soláthar foirne chomh héifeachtach agus is féidir ach chuireadar san leis na deacrachtaí in Oifig na bPas agus tá an Coiste tar éis tagairt a dhéanamh dó cheana féin i Rannóg 1. **Córais Bhainistíochta agus Smachta Inmheánacha.** Tá an Coiste aireach, chomh maith, i gcás na ndeacrachtaí ar leith a bhaineann le rothlú rialta foirne a dheimhniú i dtaobh phearsanra taidhleoireachta isteach agus amach ó cheanncheathrú Chúnamh Éireann i Luimneach go bhfuil tuairisc mhaith déanta orthu. Cé go bhfuil méid na misean taidhleoireachta mar an gcéanna, bhí leibhéil soláthar foirne i roinnt misin laghdaithe agus tá i gceist laghdaithe breise a bheith ann i 2011.

I dtaobh an Aonad Luachála agus Iniúchta, fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an tábhacht a chuir an Roinn ar fhoireann cháilithe a úsáid agus, go háirithe, na céimeanna a tógadh chun folúntais a líonadh ins an Aonad le linn na bliana. Ba mhaith leis an Roinn a ráiteas i dtuarascáil 2009 a athrá gur chóir don Roinn cothromaíocht a fháil ar an ngá le taithí suaithinseach ins an Aonad Luachála agus Iniúchta leis an aidhm saineolaithe sa bhforbairt a úsáid ins na hoifigí páirce faoin gcóras poist pleanáilte.

Tuigeann an Coiste Iniúchta nach raibh aon athrú maidir le méid an-teoranta na gcuntasóirí fostaithe ag an Roinn atá cáilithe go proifisiúnta i róil airgeadais (agus níl aon duine ag leibhéil na mbreitheanna a dhéanamh). Tá an Coiste Iniúchta fós buartha faoin ábhar seo leis an mbrú ar na buiséid agus an gá le smacht airgeadais ardaithe agus úsáid éifeachtach na n-acmhainní.

Cé go bhfuil athbhreithniú déanta go tréimhsiúil ar na modhanna agus ar na córais bhainistíochta<sup>1</sup>, tá an Coiste Iniúchta buartha faoi, i gcoinne chúlra de bhrú ar acmhainní foirne agus easpa scileanna, d'fhéadfadh fócas neamh-dhóthanach a bheith ar thraenáil agus ar fhorbairt bhainistíochta. Tugann an Coiste cuireadh don Roinn dul ar ais chucu le himlíniú ar an dtraenáil agus ar na cláir fhorbartha atá ann.

## **Moladh**

**I dtreo is go n-deimhneofar feidhm smachta airgeadais atá ina acmhainn níos comhsheasmhaí don Roinn iomlán, molann an Coiste Iniúchta go láidir go gceapfaí Ceannaire Airgeadais (ag grád Comhairleora/Oifigeach Príomha) go bhfuil cáilíocht phroifisiúnta chuntasaíochta agus taithí suaithinseach cuí aige. Ina theannta san, ba chóir go mbeadh an Ceannaire Airgeadais á thacú ag cuntasóirí atá cáilithe le róil chuntasaíochta airgeadais agus bainistíochta do gach vóta.**

---

<sup>1</sup> An t-athbhreithniú is déanaí is ea an t- Athbhreithniú Bainistíochta de chuid Chúnamm Éireann, 2008

## **Aguisín 1 – Cairt an Choiste Iniúchta**

Tá Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtrach agus Trádála (an Roinn) ceaptha go foirmiúil ag, agus tuairiscíonn siad do, Ard Rúnaí na Roinne atá mar an t-oifigeach cuntasáochta do Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) agus 29 (Comhar Idirnáisiúnta). Mar is cuí, tabharfaidh siad comhairle don Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus don Aire Stáit um Thrádáil agus Fhorbairt.

Beidh Cathaoirleach ag an gCoiste agus ar a laghad ceathrar gnáth ball eile a bheidh tarraingthe isteach ó lasmuigh den Roinn (beidh an córam le haghaidh chruinnithe mar thriúr ball). Beidh ar laghad beirt bhall den gCoiste mar chuntasóirí cáilithe agus beidh taithí ceannasaíochta ag roinnt ball ins an aicme chomhar fhorbartha agus in aicme luachála an chláir cúnaimh. D'fhéadfadh taithí breise a bheith chomh-thofa ar bhonn comhairleach. De ghnáth, friothálfadh na baill ar feadh ar a laghad dhá bhliain. De ghnáth, buailfidh an Coiste le céile ar a laghad sé uaire gach bliain.

Soláthróidh an Coiste measúnú neamhspleách ar na heagraithe iniúchta agus luachála, leis an aidhm na smachta inmheánacha agus an bhainistíocht riosca a neartú i dteannta le huasghrádú a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na feidhme iniúchta agus luachála laistigh den Roinn.

Soláthróidh an Coiste tuairisc bhliantúil don Ard Rúnaí. Beidh seo bunaithe, i measc rudaí eile, ar:

- athbhreithniú ar straitéis luachála agus iniúchta na Roinne agus na cláir oibre bhliantúla a thagann as seo;
- athbhreithniú ar fhorfheidhmiú na gclár seo;
- athbhreithniú ar na hacmhainní ar fáil don gcuspóir seo;
- athbhreithnithe monatóireachta ar na córais smachta inmheánacha;
- athbhreithnithe monatóireachta ar na córais bhainistíochta riosca;

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó a ionadaí, chun bualadh leo ar a laghad uair sa bhliain.

Tá ról comhairleach ag an gCoiste Iniúchta gan aon fheidhmeanna feidhmeannach, cúraimí nó cumhacht acu agus níl aon ról acu i dtaobh thuairiscí luachála agus iniúchta a cheadú.

## **Aguisín 2 – Timpeallacht Iniúchta na Roinne**

### **Struchtúr na Roinne**

Faoi stiúirtheacht an Tánaiste agus an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, tá bainistíocht déanta ar an Roinn ag an Ard Rúnaí, atá mar oifigeach cuntasáíochta don dá Vóta – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) agus Vóta 29 (Cúnamh Éireann). Tá an tArd Rúnaí á thacú ag an gCoiste Bainistíochta Comhairleach (CBC) atá déanta suas de cheannairí ranna príomha na Roinne.

Tá obair na Roinne roinnte idir deich roinn ag an Ceanncheathrú (CC) agus 76 oifig dioplómaitice agus consalacha thar saile (go ndéantar tagairt dóibh mar na “Misin”), i dteannta le Rúnaíocht Idir-Rialtais Sasanach-Éireannach i mBéal Feirste agus Chomhrúnaíocht Comhairle Aireach Thuaidh-Theas in Ard Mhaca. I measc na n-oifigí taidhleoireachta agus consalacha thar saile, tá deich gcinn de oifigí páirce, bunaithe san Afraic don gcuid is mó, atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chláir dé-thaobhacha Chúnadh Éireann.

### **Timpeallacht Eachtrach**

Feidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i dtimpeallacht chasta atá ag athrú an tam ar fad agus é cruthaithe ag tionchair idirnáisiúnta Eorpacha agus níos leithne. Tá réadú na gcuspóirí ag braith, mar sin, ní hamháin ar iarrachtaí na Roinne ach ar iompar Stáit agus aonáin eile, chomh maith.

De bharr chastacht na timpeallachta eachtraí, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil na hacmhainní ar fáil don Roinn úsáidte leis an éifeacht is fearr. Ní féidir leis oibriú ina aonar agus ní oibríonn sé ina aonar. Gníomhaíonn an Roinn ag comhoibriú le Ranna Rialtais eile go bhfuil cúraimí eachtracha acu, chun cabhrú go héifeachtach leis na haidhmeanna a bhaint amach atá leagtha síos ins an gClár don Rialtas agus ins an Ráiteas Straitéise.

Soláthraíonn Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise, Dearbhú Pháras ar Éifeachtacht Cúnaimh agus Clár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta an bonn le haghaidh chomhaontú idirnáisiúnta ar cad a caithfidh a bheith déanta chun bochtaineacht a laghdú agus forbairt a chur chun cinn.

Mar atá le deonaithe eile, feidhmíonn Cúnamh Éireann i dtimpeallacht go bhfuil riosca réasúnta mór ann. Go háirithe, d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil caighdeán an rialaithe, na córais cuntasáíochta agus an iniúchadh náisiúnta i dtíortha agus in eagraíochtaí páirtíochta a bheith níos lú ná mar a bheifí ag súil leis i dtíortha forbartha.

## Aidhmeanna Ard Leibhéal, 2008-2010<sup>2</sup>

Siad aidhmeanna ard leibhéal na Roinne, mar atá leagtha amach ins an Ráiteas Straitéise don dtréimhse 2008-2010, ná:

<p>Cabhrú le síocháin agus le slándáil idirnáisiúnta, réiteach ar choimhlint a chur chun cinn, taithe a bheith ar chearta daonna agus ar an ndlí, agus tacaíocht a thabhairt do straitéisí comónta éifeachtacha chun déileáil le dúshláin domhanda.</p>	<p>Forfheidhmiú iomlán Aoine an Chéasta a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt do fheidhmiú éifeachtach a institiúidí, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú i dtreo athmhuintearais a leanann.</p>
<p>Seachadadh a dhéanamh ar na gealltanais ar an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann trí bhochtaineacht a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inmharthana agus comhar forbartha a chur chun cinn mar chuid lárnach de pholasaí eachtrach na hÉireann.</p>	<p>Éire a chur chun cinn agus a ghaoil déthaobhacha le tíortha eile, ár suimeanna eacnamaíochta a chur chun cinn agus uasghrádú a dhéanamh ar ár bpróifíl cultúrtha thar saíle.</p>
<p>Suimeanna na hÉireann ins an AE a chur chun cinn agus cabhrú ina iomlán le forbairt an Aontais sa dtodhchaí.</p>	<p>Seirbhís pas agus consalach ina chaighdeán ard a sholáthar do mhuintir na hÉireann uile agus páirt gníomhach a ghlacadh lenár nDiaspóra.</p>

### Eagraithe Iniúchta na Roinne

Tá iniúchadh ina eilimint príomha den gcreatlach oibre cuntasáíochta ina fheidhmíonn an Roinn ann, agus tá sé déanta suas de:

1. **An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C)** – a dhéanann iniúchadh ar na Cuntais Leithghabhála do gach Vóta, agus ó am go céile stiúran sé sanntaí eile, le h-iniúchtaí luach as an airgead ina measc. Bronnann an tARC&C a thuairiscí do Choiste na gCuntas Poiblí.

<sup>2</sup> Beidh ar an Roinn Ráiteas Straitéise nua a tháirgeadh laistigh de sé mhí ó thoghadh an Rialtais nua i Márta 2011.

2. **Coiste na gCuntas Poiblí (CCP)** de chuid na Dála – a dhéanann scrúdú ar thuairiscí an tARC&C, agus ina bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne i láthair ann.
3. **Coiste Ghnóthaí Eachtrach agus Trádála** de chuid an Chomh Oireachtais – ceadaíonn an Coiste seo na Meastacháin don dá Vóta, atá bronnta i bhformáid an *Ráitis Aschuir Bhliantúil* a nascann costais le haidhmeanna agus le cuspóirí ard leibhéal le táscairí feidhmíochta príomha.
4. **Coiste Iniúchta** na Roinne, a dhéanann athbhreithniú ar na pleananna oibre iniúchta agus luachála agus ar a bhforfheidhmiú.
5. Aonad Luachála agus Iniúchta na Roinne, a dhéanann bainistíocht ar:
  - Feidhm Luachála na Roinne, le fócas príomha ar Chúnamh Éireann. Tá luacháil mar mheasúnú córasach agus cuspóireach an dearadh, an fhorfheidhmithe agus torthaí na dtionscnamh, na gclár agus na bpolasaithe. Go háirithe, déanann sé measúnú ar éifeacht an idirghabhála i gcoinne a chuspóir ráite. Tá ról criticiúil ag luacháil, chomh maith, i dtaobh cheachtanna a fhoghlaim agus tacaíocht a thabhairt do fhreagracht iomlán an fhráma oibre.
  - Feidhm Iniúchta Inmheánach na Roinne. Déanann an fheidhm seo athbhreithniú ar fheidhmiú na gcóras smachta inmheánacha agus tá i gceist aige dearbhú a sholáthar faoi ceart úsáid ciste poiblí. Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánach tacaíthe, chomh maith, ag iniúchóirí eachtracha in oifigí páirce Tíortha Cláir Chúnamh Éireann;
  - Athbhreithnithe Luach As An Airgead (féach ar 7. thíos).

Tuairiscíonn Ceann Luachála agus Iniúchta don Ard Rúnaí.

6. Tá aghaidh tugtha ar na **h-Iniúchtaí atá Coimisiúnaithe go hEachtrach** ag eagraíochtaí atá aitheanta go h-idirnáisiúnta i dTíortha Cláir Chúnamh Éireann. I dteannta lena chuid oibre iniúchta inmheánach féin, stiúran an t-Aonad Luachála agus Iniúchta a acmhainní ar an mhór-gcoir trí choimisiúnú a dhéanamh ar iniúchtaí i dTíortha Cláir ag eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Tá an t-aonad ag braith, chomh maith, ar iniúchtaí páirtíochta de chuid eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta (sa chás go bhfuilid coimisiúnaithe ag páirtithe) nó ag Iniúchóirí Náisiúnta Ginearálta. Oibríonn Cúnamh Éireann i dteannta le deonaithe eile chun cabhrú le páirtithe i dtaobh neartú a dhéanamh ar a chórais bhainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta, ag leanúint moltaí an phróisis iniúchta.
7. **Tionscnamh Luach As An Airgead agus Athbhreithniú Polasaí** – Stiúran an Roinn Athbhreithnithe Luach As An Airgead faoi Thionscnamh Luach As An Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí an Rialtais.

### **Aguisín 3 – Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2010**

27 Eanáir

22 Márta

21 Aibreán

19 Bealtaine

21 Meitheamh

22 Meán Fómhair

2 Samhain

18 Samhain

9 Nollaig



## **Aguisín 4 – Doiciméid Phríomha gur Bhreathnaigh an Coiste Iniúchta Orthu**

Tuairisc Athbhreithniú Bainistíochta Chúnaimh Éireann

Tuairiscí Luachála:

- Chomh-Luacháil ar an Straitéis Chomh-Chúnaimh don tSaimbia
- Luacháil ar Straitéis Tíortha Chúnaimh Éireann: Vítneam
- Chomh Luacháil ar Dhearbhú Pháras – Céim 2 Staidéar Deonaí CC – Cúnaimh Éireann

Luach As An Airgead agus Athbhreithniú Polasaí ar Thacaíocht Chúnaimh Éireann do VEID agus SEIF, 2000-2007

Tuairiscí Iniúchta ó Iniúcháirí Ginearálta Mósaimbíc, Leosóta agus Uganda

Tuairiscí Iniúchta den Obair gur thug an t-Aonad Luachála agus Iniúchta faoi

- Féin Chabhrach Idirnáisiúnta
- Trócaire
- Taisteal agus Cothú na Roinne
- Clár Tacaíochta do Imircigh
- Na Misin thar Sáile

Rolla Riosca na Roinne

Cur chuige bainistíochta bunaithe ar Thorthaí do na páipéir Straitéise Tíortha

Luacháil agus Pleananna Oibre Iniúchta do 2010

## **Aguisín 5 – Cur i láthair faighte ag an gCoiste Iniúchta**

Fuair an Coiste Iniúchta na cur i láthair seo a leanas i rith na bliana:

Coimrithe ar chlár Chúnaimh Éireann ag an Ard-Stiúrthóir, Brendan Rogers agus ag an Leas-Ard-Stiúrthóir, Michael Gaffey

Forfheidhmiú Moltaí Thuairisc Bhliantúil an Choiste Iniúchta - Feilim McLaughlin (Márta 2010).

Bainistíocht Riosca - Jackie O'Halloran Bernstein (Meitheamh 2010)

Uasdátú ar Ghnéithe Vóta 28 & oibríochtaí an Smachta Inmheánaigh don dá Vóta – Leas Rúnaí Barrie Robinson, Ceannaire Roinn na Seirbhísí Corparáideacha (Meán Fhómhair 2010)

Maoiniú Chúnaimh Éireann do Eagraíochtaí an Chumainn Sibhialta - Fionnuala Gilsean agus Alison Milton, Stiúrthóireacht Chomhar Fhorbartha, (Samhain 2010)

Éifeacht Cúnaimh, le Bainistíocht a dhéanamh do Thorthaí Forbartha agus Freagracht Iltaobhach san áireamh – Kevin Colgan agus Paul Sherlock, Stiúrthóireacht Chomhar Fhorbartha (Samhain 2010)

Grúpa Oibre ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí - Séamus O'Grady, an t-Aonad Luachála agus Iniúchta (Samhain 2010)

Seirbhís na bPas – Joe Nugent (Nollaig 2010)

Bhí cur i láthair éagsúla déanta le linn na bliana ag an Aonad Iniúchta agus Luachála.

## Aguisín 6 - Achoimre ar an gCaiteachas Vóta 2010 (Neamh-iniúchta) <sup>3</sup>

### Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha

	Soláthar measta €'000	Toradh €'000
<b><u>RIARACHÁN</u></b>		
A1. Luach Saothair, Pá agus Liúntais	92,603	92,950
A2. Taisteal agus Cothú	5,659	5,274
A3. Costais Anseo agus Ansiúd	5,459	3,227
A4. Soláthar Poist agus Teileachumarsáide	8,435	7,358
A5. Innealra Oifige agus Soláthar Oifige eile agus Seirbhísí a Bhaineann Leo	21,727	18,347
A6. Costais Áitribh Oifige	27,419	27,025
A7. Seirbhísí Comhairleoireachta	92	67
A8. Luach As An Airgid agus Athbhreithnithe Polasaí	20	-
Forlíonta (1,800)	(1,800)	
<b>CAITEACHAS RIARACHÁIN IOMLÁN</b>	<b>159,614</b>	<b>154,248</b>
<b><u>CAITEACHAS AN CHLÁIR</u></b>		
B. Aisdúichiú agus Cothabháil Éireannaigh anásta	79	28
C. Tacaíocht do Sheirbhísí Imirceacha Éireannacha		
Bunaidh 12,983		
Forlíonta (1,000)	11,983	11,933
D. Seirbhísí Eolais	783	422
E. Ranníocaíochtaí d'eagraíochtaí in Éirinn chun cur le gaoil Idirnáisiúnta – (Deontais Chúnamh)	234	234
F1. Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach	3,000	2,999

<sup>3</sup> Tá iniúchadh an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste do 2010 ag dul chun cinn ón am a críochnaíonn an tuarascáil bhliantúil seo.

	<b>Soláthar measta €'000</b>	<b>Toradh €'000</b>
F2. Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	195	195
G. Gaoil Chultúrtha le Tíortha Eile – (Deontais Cúnaimh)	846	846
H. Bord Comhairleach Eacnamaíochta Éireannach-Meiriceánach	28	13
I. Ranníocaíochtaí d'Eagraíocht Idirnáisiúnta		
Bunaidh 37,240		
Forlíontach 15,200	52,440	52,340
J. Gníomhaíochtaí de thoradh Theideal v den gConradh ar Aontas Eorpach	582	494
K. Cúnaimh don AE agus do Stát Aontas Eorpach Eile		
L. Tionscnamh Dorchla an Atlantaigh	250	250
M. Straitéis na hÁise	200	179
N. Reifreann ar Chonradh an AE (0 i 2008)		
<b>CAITEACHAS IOMLÁN AN CHLÁIR</b>	<b>70,620</b>	<b>69,933</b>
<b>CAITEACHAS COMHLÁIN</b>		
<b>Bunaidh 217,834</b>		
<b>Forlíontach 12,400</b>	<b>230,234</b>	<b>224,181</b>
O. Laghdaigh Leithreasú Cúnaimh	39,697	42,869
<b>CAITEACHAS GLAN</b>	<b>190,537</b>	<b>181,312</b>

## Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta

Seirbhís	Soláthar Measta	Toradh
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>RIARACHÁN – Fotheidil A1/8</b>		
A1. Luach Saothair, Pá agus Liúntais	18,854	17,879
A2. Taisteal agus Cothú	2,961	2,085
A3. Costais Anseo agus Ansiúd	3,277	2,092
A4. Seirbhísí Phoist agus Teileachumarsáide	1,960	1,606
A5. Innealra Oifige agus Soláthair Oifige Eile agus Seirbhísí a Bhaineann Leo	1,648	1,413
A6. Costais Áitribh Oifige	4,603	4,267
A7. Seirbhísí Comhairleoireachta	1,509	1,123
A8. Luach As An Airgead agus Athbhreithnithe Polasáí	420	
Fo-iomlán	35,232	30,465
<b>Seirbhísí Eile</b>		
B. Íocaíocht do Chiste Deontais Cúnaimh le haghaidh Chúnaimh Iltaobhach agus Chomhar eile (Deontas Cúnaimh)	379,651	373,951
C. Cúnaimh Éigeandála Daonnúil	54,000	52,501
D. Íocaíochtaí do Chistí Idirnáisiúnta do Thairbhe Tíortha ag Forbairt	28,000	28,000
E. Ranníocaíochtaí do na Náisiúin Aontaithe agus do Ghníomhaireachtaí Forbartha eile	39,500	39,500
Fo-iomlán	501,151	<b>493,952</b>
<b>Iomlán Comhláin</b>	<b>536,383</b>	<b>524,418</b>
F. Laghdaigh: Leithghabháil Chúnaimh	1,053	1,488
<b>Glan Caiteachais</b>	<b><u>535,330</u></b>	<b><u>522,930</u></b>

## Aguisín 7 – Iniúchtaí agus Luacháilte gur Tugadh aghaidh Orthu i 2010<sup>4</sup>

Clúdaíonn Aonad Iniúchta na Roinne Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) agus Vóta 29 (Cúnamh Thar Sáile).

Tá na cistí (Cúnamh Thar Saile) atá soláthraithe ins na Meastacháin Vótáilte bhliantúla caite ag an Roinn Comhair Forbartha (Cúnamh Éireann) i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach i ndoiciméad buiséadach ceadaithe an Choiste Idir-Ranna.<sup>5</sup>

Tá an maoiniú atá riartha ag Cúnamh Éireann seachadta trí réimse leathan páirtithe le heagraíochtaí neamh-rialtais, misinéirí, gníomhaireachtaí NA, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí daonnúla san áireamh. Tá maoiniú seachadta, chomh maith, i dtíortha an Chláir via córais rialtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta atá dírithe, i measc rudaí eile, ar shláinte, oideachas agus córais rialtais áitiúla a fhorbairt.

Tuigeann an cur chuige iniúchta na módúil éagsúla atá úsáidte ag Cúnamh Éireann le haghaidh chúnamh a sheachadadh, le díriú ar leith ar oiriúnacht na gcuntasaíochta agus na gcóras bainistíochta airgeadais de chuid na n-eagraíochtaí páirtíochta maidir le cistí. Sa chás go bhfuil cistí soláthraithe do rialtais, tá measúnú déanta ar an dtimpeallacht Bainistíochta Airgeadais iomlán le díriú ar leith ar chumas agus ar neamhspleáchas na n-Oifigí Náisiúnta Iniúchta.

Leagann an tábla thíos amach an clúdach fán gcéad iniúchta atá bainte amach chuige seo i dtíortha an chláir. Tá an clúdach seo bainte amach trí mheascán de obair iniúchta déanta go díreach ag an fheidhm iniúchta inmheánach; iniúchtaí coimisiúnaithe ag Cúnamh Éireann agus déanta ag iniúchóirí neamhspleácha; agus na tuairscí iniúchta aighnithe ag eagraíochtaí páirtíochta (leis na hIniúchóirí Náisiúnta Ginearálta san áireamh).

Clúdaíonn na h-iniúchtaí seo cláir agus tionscnaimh maoinithe ag Rialtas na hÉireann, agus baineann siad le caiteachas ins na blianta airgeadais 2008 agus 2009 (níl an t-eolas don mbliain airgeadais 2010 le fáil fós, go ginearálta, ó pháirtithe eagraíochta ag an am a foilsíodh an tuarascáil bhliantúil seo).

<i><b>Tír</b></i>	<b>2009</b>	<b>2008</b>
<i>An Aetóip</i>	92	99
<i>Leosóta</i>	100	77
<i>Mósaimbíc</i>	61	94
<i>An Afraic Theas</i>	99	100
<i>An Tansáin*</i>	96	98
<i>Uganda</i>	23	99
<i>An tSaimbia</i>	84	87

<sup>4</sup> Ba chóir go mbeadh an t-aguisín seo léite i dteannta le rannóg *Iniúchta Inmheánach* de Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta de chuid an dtuairisc seo

<sup>5</sup> Leagann doiciméid buiséadach an Choiste Idir-Ranna amach na dáiltí buiséadacha sonraithe do na línte cláir. Tá na dáiltí seo ceadaithe ag an gCoiste Idir-Ranna (déanta suas de ionadaithe ó Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ó chúig Ranna Rialtais eile, a bhuaileann le céile tar éis don mBuiséad a bheith fógartha gach bliain.

I measc iniúchtaí tábhachtacha eile déanta ag an Aonad Luachála agus Iniúchta i 2010 do Vóta 29 bhí:

- Iniúchadh ar an maoiniú soláthraithe faoin scéim SCIB do Trócaire
- Iniúchadh ar na ceithre páirithe ag fáil Deontais Oideachais Forbartha
- Athbhreithniú ar an maoiniú soláthraithe do CFNA i Siarra Leon

Dhein an t-Aonad Luachála agus Iniúchta na sanntaí seo a leanas, chomh maith, i dtaobh na Roinne-uile agus Vóta 28 i 2010:

- Iniúchadh ar an Misean Seasta do na Náisiún Aontaithe, Nua Eabhrach
- Iniúchadh ar an Ionadaíocht Seasta don Aontas Eorpach, an Bhruiséil
- Iniúchadh ar Smachta Airgeadais Inmheánacha na Roinne (Vóta 28)
- Athbhreithniú ar iarratas na Rialachán Taistil agus Cothaithe (Vóta 28 agus 29)
- Athbhreithniú ar Rolla Riosca na Roinne

## **Luacháil**

Luacháil ag dul ar aghaidh nó críochnaithe i 2010 (Vóta 29 uile):

<b>Teideal na Luachála</b>	<b>Aicme Téamach</b>	<b>Bainistithe ag</b>	<b>Stádas</b>
Clár Straitéis Tíortha san Tansáin	Cláir Thíortha Iltaobhacha	I dteannta le DfID RA	Críochnaithe
Chomh Luacháil ar Dhearbhú Páras – Céim 2 Staidéar CC an Deonaithe – Cúnamh Éireann	Clár Oibre ar Éifeacht Cúnamh	An t-Aonad Iniúchta agus Luachála	Críochnaithe
Straitéis Chomh Chúnamh (SCC) don tSaimbia	Cur chuige clár Thíortha il-dheonaithe	I dteannta le SIDA agus le Danida	Críochnaithe
Luacháil ar Straitéis Tíortha Chúnamh Éireann: Vítneam	Cláir Thíre Déthaobhacha	An t-Aonad Luachála agus Iniúchta	Críochnaithe
Luacháil ar Scéim Clár Ibhliantúil Chúnamh Éireann do Pháirtithe Sochaí Sibhialta (2007 – 2011)	Maoiniú na Sochaí Sibhialta	An t-Aonad Luachála agus Iniúchta	Ag dul ar aghaidh i gcónaí, le bheith críochnaithe i 2011
Luacháil Lár Téarma ar Chlár Tacaíochta Caipitil an Rialtais Áitiúil de chuid na Náisiún Aontaithe	Clár Iltaobhach	I dteannta le Ciste Forbartha Caipitil an na NA agus le CFNA	Críochnaithe i 2010

<b>Teideal na Luachála</b>	<b>Aicme Téamach</b>	<b>Bainistithe ag</b>	<b>Stádas</b>
Athbhreithniú ar thionscnaimh Chúnamh Éireann sa Tansáin, i Uganda agus sa tSaimbia	Cláir Thíortha Déthaobhacha – Módúlacht Cúnaimh	An tAonad Luachála agus Iniúchta	Críochnaithe i 2011
Athbhreithniú ar Chlár Tíortha Chúnamh Éireann sa tSaimbia	Cláir Thíre Déthaobhacha	An tAonad Luachála agus Iniúchta	Ag dul ar aghaidh i gcónaí, le bheith críochnaithe i 2011
Athbhreithniú ar Chlár Tíortha Chúnamh Éireann i Mósaimbíc	Cláir Thíortha Déthaobhacha	An t-Aonad Luachála agus Iniúchta	Ag dul ar aghaidh i gcónaí, le bheith críochnaithe i 2011
Luacháil ar Chláir Rialaithe Leasaithe na h-Earnála Poiblí (Domhanda)	Cláir Thíortha Déthaobhacha – Rialú/Leasú na h-Earnála Poiblí	I dteannta le DFID	Ag dul ar aghaidh i gcónaí, le bheith críochnaithe i 2012
Luacháil ar an gCiste Freagartha Éigeandála Lárnach (CFÉL).	Cúnamh Daonnúil	Chomh Luacháil. Tá ceannaire an Aonaid Luachála agus Iniúchta mar bhall den gCoiste Bainistíochta.	Leanúnach
Athbhreithniú Luach As An Airgead le haghaidh CONCERN Timpeall an Domhain	Maoiniú an Chumainn Sibhialta	An tAonad Luachála agus Iniúchta	Tús curtha leis; le haghaidh críochnú i 2011
Athbhreithniú ar thionchar na Tacaíochta Buiséid sa dTansáin	Cláir Thíortha Déthaobhacha – Módúlacht Cúnaimh	Il-deonaí le hÉirinn san áireamh	Ag dul ar aghaidh



<b>Teideal na Luachála</b>	<b>Aicme Téamach</b>	<b>Bainistithe ag</b>	<b>Stádas</b>
Luacháil ar Bhainistíocht Poiblí (BAP) Cláir Leasaithe (Domhanda)	Cláir Thíortha Dhéthaobhacha – Leasú Bainistíochta an Airgeadais Phoiblí	Il-Dheonáí le hÉire san áireamh	Ag dul ar aghaidh

## Aguisín 8 – Freagraí Bainistíochta agus Ath-Leanúint ar Mholtaí an Choiste Iniúchta

Moltaí sa Tuarascáil Bhliantúil 2009

	Moladh	Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint	Tráthchlár/Ráitis Bhreise
	<b>Córais Bhainistíochta Faisnéise agus Smachtaithe Inmheánacha</b>		
1	Ba chóir go soláthródh an Roinn uasdátú bliantúil foirmiúil don gCoiste Iniúchta ar fheidhmíocht na gcóras smachta inmheánacha.	<p>Ag a cruinniú ar an 22 Meán Fhómhair 2010, sholáthraigh Ceannaire Seirbhísí Corparáideacha na Roinne uasdátú don gCoiste Iniúchta ar fheidhmíocht na gcóras smachta inmheánacha agus thugadar freagra ar na ceisteanna ón gCoiste ar an ábhar.</p> <p>Bhí an Smachtaí Airgeadais do Vóta 29 i láthair, chomh maith, agus dhearbhaigh sé go bhfuil na smachtaithe inmheánacha don Vóta ag feidhmiú go sásúil.</p>	Glactar leis an uasdátú foirmiúil seo mar ócáid bhliantúil, leis an chéad cruinniú eile leis an gCoiste molta do Mheán Fhómhair 2011.
2	Ba chóir go gcríochnódh an Roinn, a luaithe is atá sé praiticiúil, modh oibre chun réiteach a fháil ar líon na bPasanna a bhí eisithe ag Seirbhís na bPas a chur i gcomhréir leis an ioncam, a bhí taifeadta ins an gcóras airgeadais, rud a chabhróidh leis na smachtaithe eile atá ar bun.	<p>Tá an tasc ag dul chun cinn le bealach soiléir i dtreo réiteach d'fháil ar na táillí faighte faoi Pas Tapa laistigh d'Éirinn. Tá córas ag Oifig na bPas a cheadaíonn liostáil a dhéanamh ar an íocaíocht cuí do gach iarratas aonarach aon lá i dteannta leis na híocaíochtaí iomlána d'iarratais an lae san. Tá an figiúr iomlán laethúil réitithe ina dhiaidh san leis an íocaíocht faighte ón bPost.</p> <p>Seasann Pas Tapa do 58% de admhálacha críochnaithe na bPas. Sé an chéad chéim eile ná an réiteach céanna a leathnú don bPas Tapa ó thuaisceart na hÉireann, ag cur clúdach breise 6% leis. Sé an straitéis ná déileáil le réiteach gach modh íocaíochta go haonarach mar sin ag leathnú an chládaigh. I measc na réiteach níos deacra beidh na hiarratais phoist san go bhfuil airgead tirim nó ordaithe poist i gceist leo (ag seasamh do timpeall 9% de na h-iarratais).</p>	Mar smacht breise, tabharfaidh an Roinn isteach, ó Bealtaine 2011, réiteach ard leibhéal le méid iomlán admhálacha na bPas don mhí á chur i gcomparáid le méid iomlán na n-iarratas ag tabhairt táirgeacht meánach per iarratas. Beidh monatóireacht déanta ar seo ar bhonn leanúnaigh

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
			agus déantar fiosrú ar aon chlaonadh mór ins an táirgeacht meánach.
	<b>Iníúchadh Inmheánach</b>		
3	Ba chóir go mbeadh an straitéis iniúchta agus an plan oibre il-bhliantúil do Vóta 28 foirmiúil agus ceadaithe ag an Ard Rúnaí.	Bhí forbairt an chur chuige iniúchta foirmiúil curtha ar fionraí de bharr gur dhócha go gcuirfidh an anailís riosca iniúchta gur thug an t-Aonad Luachála agus Iniúchta faoi i 2010 comhairle dó ar dtúis. Beidh an t-aschur ón gcleachtadh seo ionchorpraithe i bhfoirmiú an phlean oibre iniúchta do Vóta 28 le haghaidh 2011 agus ina dhiaidh san. Beidh eolas ag an gCoiste Iniúchta cheana féin gur thug an t-Aonad faoi sannaí iniúchta tábhachtacha don Vóta le linn an dá bhliain deiridh. Beidh an cur chuige iniúchta déanta foirmiúil agus ceadaithe ag an Ard Rúnaí i 2011.	
4	Ba chóir go leanfaidh Cúnamh Éireann lena pháirtíocht ins na measúnachtaí -ar Chaiteachais Poiblí agus ar Fhreagracht Airgeadais (CPFA) atá mar an tslí phríomha chun measúnú a dhéanamh ar na Córais Bhainistíochta Airgeadais Poiblí i dtíortha páirtíochta.	Leanann Cúnamh Éireann ag glacadh páirt le measúnachtaí CPFA agus úsáideann siad na torthaí ansin chun measúnú a dhéanamh ar an bpróifíl riosca a bhaineann le córais tíortha d'úsáid.  Bhunaigh Cúnamh Éireann grúpa- BAP tras-Ranna agus táid ag forbairt treoirlínte ar Mheasúnú BAP ina dtíortha cláir.  Ina theannta san, coimeádann Cúnamh Éireann suas chun dáta le measúnachtaí PEFA agus le forbairtí a bhaineann lena dtíortha cláir.	Déanfaidh Cúnamh Éireann píolótú ar an measúnú BAP i dtrí cinn dá dtíortha cláir ins an chéad leath de 2011 leis an aidhm na measúnachtaí a críochnú i ngach ceann de na tíortha roimh deireadh 2012.
5	Ba chóir go gcoimeádfadh an Bhainistíocht Sinsearach a ghealltanais na córais Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí a neartú i dtíortha páirtíochta trí acmhainní	Chuir Cúnamh Éireann tús le próiseas níos foirmiúla i dtaobh mheasúnú a dhéanamh ar na córais Bainistíochta Airgeadais Poiblí (BAP) i dtíortha an Chláir agus déanfaidh sé seo measúnú ar ghnéithe cumais agus conas is féidir le Cúnamh Éireann déileáil ins an tslí is fearr leo seo i gcomhar leis na Rialtais pháirtíochta agus le páirtithe comhoibrithe eile.	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
	dóthanacha a úsáid agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil fócas cuntasáíochta ar a ról ag an mbainistíocht chlár uile.	D'fhorbair Cúnamh Éireann nóta Treorach ar Chumas a Fhorbairt go ginearálta agus le déanaí thugadar aghaidh ar mhapáil a dhéanamh ar na cláir fheabhsaithe BAP i dtíortha an chláir. Thugadar aghaidh, chomh maith, ar mhapáil a dhéanamh ar úsáid na gcóras tíortha chun tuiscint níos fearr a fháil ar cén áit go bhfuil gá le tacaíocht i dtaobh bhreitheanna a dhéanamh chun na córais BAP náisiúnta a d'úsáid.  Ghlac Cúnamh Éireann páirt, chomh maith, i gCruinniú an Tascfhórsa ECFE DAC BAP.	
6	Ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann, i dteannta le deonaithe eile, ag tabhairt tacaíochta do neartú a dhéanamh ar chumas na n-Oifigí de chuid an Ard Iniúcháir Náisiúnta.	Leanfaidh Cúnamh Éireann ag tabhairt tacaíochta d'Oifigí an Ard Iniúcháir i dtíortha páirtíochta. Tá Cúnamh Éireann ag tabhairt tacaíochta, chomh maith, d'obair an INTOSAI (Eagraíocht Idirnáisiúnta do Ard Institiúidí Iniúchta) a chuireann forbairt cumais chun cinn agus foghlaim piara idir Ard Iniúcháirí Náisiúnta. Sholáthar Cúnamh Éireann, agus leanfaidh sé ag soláthar, cúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil do obair an INTOSAI seo – páirtíocht Deonáí agus tá sé ar Ghrúpa Stiúrtha an tionscnaimh seo. I 2010, bhí €200,000 soláthraithe don INTOSAI.	
7	Ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann le monatóireacht a dhéanamh ar thuarascála iniúchta cáilithe, le measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna, agus gníomhaíocht leasaithe a thógáil.	Leanann Cúnamh Éireann ag déanamh ath-leanúint ag leibhéal tíre, agus le gach páirtí, ar thuairiscí iniúchta. I dtreo is go leantar le comhsheasmhacht ins an cur chuige, beidh measúnú ar thuairiscí iniúchta ó Oifigí an Ard-Reachtaire Náisiúnta mar chuid tábhachtach de na treoirlínte nua le haghaidh mheasúnú a dhéanamh ar na Córais Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí i dtíortha páirtíochta Chúnamh Éireann. Tá gné na dtuairiscí iniúchta cáilithe agus cúiseanna an cháilithe tógtha an-dáiríre agus déileálann Cúnamh Éireann leo.	
8	Ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann ag coimeád Córais	Tá athbhreithniú ar chórais na bpáirtithe mar chuid tábhachtach den anailís gur tugadh aghaidh air i bpróiseas pleanála an Pháipéar Straitéis Tíre (PST). Faoi	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
	Airgeadais an Rialtais faoi athbhreithniú, agus sa chás go bhfuil laigí móra nó leanúnacha aitheanta, a dhéanamh amach ar chóir leanúint le cúnamh a sheoladh trí na córais seo nó ar chóir smaoinemh ar mhódúil eile.	na treoirlínte BAP nua a bheidh á chur i bhfeidhm i 2011/02, beidh measúnú foirmiúil ar na córais BAP á dhéanamh i ngach tír. Tabharfar aird ar thorthaí na measúnachtaí seo nuair atá breitheanna á dhéanamh i leith na modúl is cuí atá le bheith úsáidte i dtír cláir ar leith. Beidh módúil eile (lasmuigh de chórais an rialtais) faoi réir leibhéal cothrom dian-measúnaithe.	
9	Molann an Coiste Iniúchta go méadóidh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta a leibhéal iniúchta i gcás mhaoiniú an chumainn sibhialta chun clúdach cuimsitheach a dheimhniú.	Thug an t-Aonad Luachála agus Iniúchta aghaidh ar chleachtadh riosca iniúchta cuimsitheach i 2010 chun eolas a sholáthar don gclár iniúchta ins na blianta atá le teacht. Tá an t-Aonad Luachála ag forbairt cur chuige iniúchta faoi láthair a chlúdóidh na cláir uile a mhaoiníonn eagraíochtaí an chumainn sibhialta.  Shaothraigh an Roinn doiciméad a leagann amach a chur chuige le haghaidh iniúchadh an mhaoinithe d'eagraíochtaí an chumainn sibhialta. Déanann an doiciméad cur síos ar phrionsabail phríomha an smachta inmheánaigh chuí agus míníonn sé an cur chuige iniúchta, a thugann tacaíocht do chreatlach cuntasaíochta na Roinne.	Tá an t-Aonad Luachála agus Iniúchta ag tabhairt aghaidh faoi láthair ar iniúchadh mór ar Concern (faoin gcur chuige iniúchta atá aontaithe le ENR SCIB i 2008) agus déanfaidh siad iniúchadh ar GOAL agus ar Chúnamh Chríostaíochta i 2011.
	<b>Luacháil</b>		
10	Molann an Coiste Iniúchta go neartaíonn an Roinn a gnáthaimh chun deimhin a dhéanamh de go dtugtar aird ar na moltaí ós na luacháiltí go léir, nuair is cuí, ins an na prósacha pleanála agus trasna na gclár go léir.	Ní foláir gach moladh le h-aghaidh chlár nua a cheadú ag an Measúnú Tionscnaimh agus an Grúpa Luachála (MTGL) a léiriú gur thug an bainistíocht aird chuí ar thorthaí tábhachtacha agus ar moltaí príomha na luacháiltí a bhaineann le haicme na h-idirghabhála.  Déanann an Rannóg Pleanála Polasaí agus Éifeachtacht Cúnaimh (PPE) athbhreithniú ar na moltaí uile ó MTGL agus déanann siad measúnú orthu	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
		chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na luacháiltí snaidhmthe isteach san anailís agus go bhfuil na moltaí pléite agus tugtha isteach mar is cuí.	
	<b>Riosca a Aithint</b>		
11	Ba chóir go mbeadh an tionscnamh chun athbhreithniú agus neartú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Polasaí agus Clár Bainistíochta Riosca na Roinne 2009, le huasdátú déanta ar Chláir Riosca agus an Bhainistíocht Riosca snaidhmthe isteach sa bpróiseas pleanála gnó san áireamh, críochnaithe chomh luath agus is féidir.	Lean dul chun cinn san ábhar seo le linn 2010 le caighdeán feabhsaithe an chláir riosca á bhaint amach. Bhí tuairisciú rioscaí go MAC déanta ar bhonn rialta ráithe agus, tar éis Anailís Riosca an Aonáid Luachála agus Iniúchta, tá bearta á gcur ar bun chun uasghrádú a dhéanamh ar an anailís d'aidhm na gclár riosca a bheith níos so-iniúchtaí.	Tugann an t-iarratas reatha le haghaidh chlár riosca atá suas chun dáta rolla riosca níos cuimsithí isteach. Nascann sé seo bainistíocht an riosca níos cóngaraí don bplean gnó a théann leis agus tá i gceist aige smachta níos sonraí a bheith i bhfeidhm chun déileáil leis na rioscaí aitheanta.  Bhí méid mór acmhainní ar Bhainistíocht Riosca foilsithe mar sheirbhís tiomnaithe ar shuíomh inlíon na Roinne.
12	Foilsíonn Cúnamh Éireann ráiteas polasaí a léiríonn seasamh Cúnamh Éireann i leith bhainistíocht na rioscaí a bhaineann le nádúr clár	D'ionchorpraigh Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann do 2009 ráiteas a ghlaoth <i>Riosca a Aithint, a Bhainistiú agus a Mhaolú</i> air. Chuir an ráiteas le céile nádúr na rioscaí atá ós comhair Chúnamh Éireann agus an Polasaí agus an Clár Bainistíochta Riosca atá ann.	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
	<p>cúnaimh chomh h-éagsúil; Ba chóir go léireodh an ráiteas, chomh maith, nádúr na rioscaí atá ós comhair Cúnamh Éireann agus na straitéisí bainistíochta riosca a bhí bunaithe chun maolú a dhéanamh ar dhóighiúlacht an tarlaithe agus/nó tionchar na rioscaí móra.</p>	<p>Luaitear, chomh maith, go bhfuil na feidhmeanna Rianaithe Iniúchta agus Bainistíochta Riosca nasctha anois le struchtúr bainistíochta Chúnamh Éireann.</p>	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
13	<p>Ba chóir go gcoimeádfadh Cúnamh Éireann castacht an Chláir Cúnaimh faoi athbhreithniú chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé dírithe ar na haicmí san go bhfuil nirt ar leith ag Cúnamh Éireann iontu agus go mbaineann sé an tairbhe is fearr as úsáid na n-acmhainní. Ba chóir go gcuimseodh athbhreithniú dá leithéid na dualgais chun speisialú ranna níos fearr a bhaint amach agus chomhréir a dhéanamh ar chleachtais na ndeonaithe mar atá sé aontaithe i ndearbhú Páras ar Éifeachtacht Cúnaimh.</p>	<p>Laghdaigh Cúnamh Éireann, trí an próiseas pleanála tíre, méid na ranna a bhí páirteach i roinnt cásanna, bunaithe ar an athbhreithniú ar bhuntáiste comparáideach, i dtíortha uile an Chláir. Tá sé seo ar aon dul le Cód Iompair an AE agus le Clár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta. Laghdaíonn úsáid na gCur Chuige Bunaithe ar Chlár an ilroinnt agus éascaíonn sé chomhréire. Tá tuairisc bhliantúil ullmhaithe ar an dul chun cinn i dtaobh fhorfheidhmiú na ngealltanais déanta i nDearbhú Páras agus i Clár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta. Beidh eagraithe déanta don gCoiste Iniúchta chun páirt níos mó a ghlacadh in earnáil amháin, nó i gClár Tíortha, chun scrúdú a dhéanamh ar a chasta is atá sé agus an cumas chun clár dá leithéid a sheachadadh go héifeachtach.</p> <p>Maidir le clár Thacaíochta an Chumainn Sibhialta, bhí laghdú mór ar mhéid na bpáirtithe, agus bhí maoiniú dírithe níos mó ar an Afraic fho-Shahára mar an tosaíocht gheografach do Chúnamh Éireann. Bhí méid na bpáirtithe a bhí maoinithe faoi na buiséid sláinte domhanda agus VEID comhdhlúite, chomh maith.</p>	



	Moladh	Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint	Tráthchlár/Ráitis Bhreise
14	<p>Ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann ag deimhniú go bhfuil na córais bhainistíochta dóthanach chun: (a) maolú, sa mhéid agus is féidir, an dóighiúlacht go mbeadh calaois ar siúl,</p> <p>(b) fiosrú a dhéanamh ar tharlú calaoise in eagraíochtaí páirtíochta agus déileáil leis go cuí agus in am, agus</p> <p>(c) taifead a choimeád de na tuairiscí go léir de líomhain chalaoise agus de na fiosraithe a déanadh.</p>	<p>Tá córais mheasúnaithe agus monatóireachta Cúnamh Éireann deartha chun deimhin a dhéanamh de, sa mhéid is atá sé praiticiúil, go bhfuil na cistí úsáidte do na cúiseanna atá i gceist leo agus go bhfuil an baol calaoise maolaithe. De bharr comhthéacs Chúnamh Éireann, tá sé ina riosca dúchasach go dtarlóidh calaois ó am go céile i dtíortha páirtíochta. Bhunaigh an Coiste Ráiteas Polasaí Calaoise agus Cód Cleachtais chun déileáil le Calaois in Eagraíochtaí Páirtíochta.</p> <p>Bhí roinnt eachtraí de líomhain calaoise a tharla in eagraíochtaí páirtíochta tuairiscithe don Roinn le linn na mblianta déanacha agus, i gcomhréir le gnáthaimh na Roinne, bhí gníomhaíochtaí leasaithe tógtha i ngach cás. Tá gach eachtra líomhain calaoise taifeadta i rolla, agus tá sé le fáil le haghaidh athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchta.</p> <p>Le linn 2010, scríobh Cúnamh Éireann go dtí na páirtithe ENR uile a bhí maoinithe ó scéimeanna maoinithe Rannóg an Chumainn Sibhialta ag cur i gcuimhne dóibh san go léir faoi Pholasaí Calaoise na Roinne agus faoi na dualgais a thagann as agus na conarthaí atá maoinithe faoin gclár. Bhí de dhualgas, chomh maith, ar pháirtithe Cumainn Sibhialta tuairiscí iniúchta agus luachála a fhoilsiú ar a ngréasáin idirlíne.</p> <p>Tá Cúnamh Éireann ag déanamh scrúdú faoi láthair ar an bhféidearthacht caighdeán bhainistíochta airgeadais a leagadh síos do pháirtithe ENR. Tá bearta eile ag dul ar aghaidh, chomh maith.</p>	
15	<p>Ba chóir go gcríochnódh Cúnamh Éireann chomh luath is atá sé praiticiúil a chuid phleananna chun athbhreithniú a dhéanamh agus an critéir cáilitheachta agus an próiseas measúnaithe a neartú agus méadú a</p>	<p>I 2010 dhein Rannóg an Chumainn Sibhialta athbhreithniú ar a chritéir cáilitheachta agus ar a phróiseas measúnaithe, le béim ar leith ar shoiléire i gcúrsaí airgeadais. Bhí babhta de Ciste an Chumainn Sibhialta (CCS) ar siúl i Meán Fhómhair 2010 agus cuireadh an próiseas nua critéir agus measúnaithe i bhfeidhm go rafar. Soláthróidh ceachtanna a fhoghlaimíodh ón mbabhta san eolas ar fáil do bhabhtaí maoinithe an todhchaí, agus táid á roinnt le ranna eile</p>	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
	dhéanamh ar mhonatóireacht Eagraíochtaí an Chumainn Sibhialta.	<p>i gCúnamh Éireann faoi láthair.</p> <p>I 2010, mhéadaigh Rannóg an Chumainn Sibhialta a leibhéal maoinithe. Mar shampla, déanadh monatóireacht ar 24 eagraíocht CCS i 2010, i gcomparáid le 11 i 2008 nó i 2009. I dtaobh mheasúnú a dhéanamh ar an obair a bhí á dhéanamh ag eagraíochtaí páirtíochta, bhí fócas méadaithe ar úsáid torthaí na gcreatlach, agus nasca níos soiléire idir na buiséid agus gníomhaíochtaí an chláir.</p> <p>Tá ar pháirtithe Bloc Dheontas ENR anois aghaidh a thabhairt ar luacháiltí neamhspleácha faoi dheireadh 2011, agus tabharfaidh measúnachtaí déanta orthu seo eolas do bhreitheanna maoinithe an todhchaí.</p>	
16	Ba chóir go mbunódh Cúnamh Éireann critéir le haghaidh mhaoiniú a leithdháileadh do pháirtithe SCIB bunaithe ar chomhlíonadh.	<p>Tiocfaidh deireadh leis an gClár SCIB II i Nollaig 2011. Beidh eagraithe maoinithe nua curtha ar bun ó thús 2012, le béim ar chomhlíonadh agus ar thorthaí. Tá Oifigigh ag déanamh taiscéal faoi láthair ar mhúnlaí leithdháilte acmhainne bunaithe ar chomhlíonadh le haghaidh úsáide i dtréimhse iar-chéim SCIB II.</p> <p>Tá luacháil ar scála mór ar siúl ar an gclár SCIB.</p>	Luacháil SCIB le bheith críochnaithe i lár 2011.
	<b>Eagrú agus Acmhainní</b>		
17	Ba cheart go ndeimhneodh polasaí na Roinne faoi fhoireann an Aonaid Luachála agus Iniúchta go bhfuil leanúnachas de ard-chaighdeán cumais agus de thaithí ag teastáil sa bhoireann sin.	Tá Aonad Luachála agus Iniúchta go bhfuil go leor acmhainní aige agus atá éifeachtach riachtanach chun bonn atá éifeachtach agus soiléir a sholáthar do fheidhmiú gach gné de obair na Roinne. In ainneoin an laincis atá ar acmhainní reatha san rannóg phoiblí, tá an leibhéal foirne san rannóg sin ag an leibhéal is airde riamh agus tá ar a chumas acmhainní eachtracha breise a leithdháileadh mar is gá agus mar is cuí. Tá an taithí agus na scileanna	

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
		riachtanach faoi chaibidil leanúnach.	
18	De bhrí go bhfuil i gceist aonad airgeadais singil a chruthú don Roinn uile, agus méid an bhuiséid faoina smacht, ba chóir go gceapfadh an Roinn Ceannaire Airgeadais (ag grád Comhairleora/Príomhoide) a shealbhaíonn cáilíocht cuntasáochta proifisiúnta agus le taithí suaithinseach cuí. Ina theannta san, ba chóir go mbeadh an Ceannaire Airgeadais tacaíthe ag cuntasóir cáilithe le ról Airgeadais/Cuntasáochta aige do gach Vóta.	De bharr na dteorainn reatha ar earcaíocht agus na spriocanna dúshlánacha do laghdaithe i méid na foirme ní raibh aon dul chun cinn indéanta leis an moladh seo.	Gan aon uasdátú sonrath. Níor éirigh leis na hiarrachtaí iarrthóir oiriúnach agus cáilithe go cuí trí ath-implonnú go dtí seo.

	<b>Moladh</b>	<b>Freagra Bainistíochta agus Ath-Leanúint</b>	<b>Tráthchlár/Ráitis Bhreise</b>
19	<p>Ba chóir go leanfadh an Roinn ag deimhniú go bhfuil na hacmhainní úsáidte sa mhéid agus is féidir agus a dhícheall a dhéanamh laghdú breise a bhaint amach i gcastacht clár Chúnamh Éireann chun íoslaghdú agus bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí a thagann de bharr easpa foirne.</p>	<p>Laistigh de na teorainn reatha san earcaíocht, leanann an Roinn ag déanamh iarracht deimhin a dhéanamh de go bhfuil úsáid is fearr bainte as scileanna riachtanacha chun clár cúnamh éifeachtach a sheachadadh. Dhein an ECFE athbhreithniú neamhspleách ins na blianta déanacha ar chlár Cúnamh Éireann agus fuarthas an moladh is airde de bharr a chaighdeáin agus a éifeacht. Mar atá imlínithe i Rannóg 13 thuas, táthar ag déileáil ar bhonn leanúnach le h-iol-roinnt, le dúbailt agus le sriantaí eile i dtaobh sheachadadh éifeachtach na dtorthaí ar an dtalamh. I dtreo is go ndéantar scrúdú ar ghnéithe castachta/simplithe, oibreoidh bainistíocht Cúnamh Éireann i dteannta leis an gCoiste Iniúchta chun scrúdú a dhéanamh ar chlár agus ar eagraíochtaí sonracha.</p> <p>Luaitear, chomh maith, go raibh dul chun cinn mór déanta i 2010 i dtaobh fhorfheidhmiú moltaí Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann i dtreo is go n-uasmhéadaítear comhtháthú clár Cúnamh Éireann le polasaí Eachtrach na hÉireann ina iomlán agus, mar sin, éifeacht acmhainne níos mó a bhaint amach.</p>	

### **Moltaí do 2007 agus 2008**

Sonraíonn an tábla thuas freagra agus ath-leanúint na Roinne maidir leis na moltaí atá i dTuarascáil Bhliantúil 2009. Luaitear go raibh an méid céanna moltaí déanta ins na tuarascála i 2007 agus 2008. Baineann roinnt de na moltaí a déanadh i 2007 agus i 2008 leis na gnéithe agus leis na téamaí a clúdaíodh thuas agus léiríonn na míniúcháin agus na gníomhaíochtaí atá imlínithe thuas stádas reatha ar an bhfreagra leanúnach agus ar an ath-leanúint ar na moltaí san.

Mar shampla, dhírigh roinnt de na moltaí ar **ghnéithe CPFA AGUS BAP**, agus tá an seasamh orthu san imlínithe thuas. Téama eile atá ar aon dul le moltaí an choiste iniúchta ná an tábhacht **ath-leanúint a dhéanamh ar mholtaí na dTuairiscí Iniúchta agus Luachála aonaracha**, agus tá aird tugtha agus gníomhaíocht tógtha ag an Roinn ar scála mór maidir le seo. Arís, i leith na moltaí atá i dtuarascála na mblianta atá caite, luadh go raibh díriú láidir ar athbhreithniú agus nuair is cuí ar **leasú a dhéanamh ar na córais bhainistíochta**, go háirithe i gCúnamh Éireann agus ina measc tá aghaidh a thabhairt ar phróiseas athbhreithnithe Bainistíochta tagtha chun cinn le foilsiú Thuairisc Athbhreithnithe Bainistíochta i 2009 agus forfheidhmiú na moltaí atá ann.

Dhírigh an Coiste, chomh maith, ar bhonn comhsheasmhach ar ghné córais **Bhainistíochta Riosca** na Roinne agus, sa chomhthéacs seo, luadh gur tugadh na próisis bhainistíochta riosca uasghrádaithe isteach agus tá bunú coiste Bainistíochta Riosca agus foilsiú ráitis ar chur chuige bainistíochta riosca Chúnamh Éireann san áireamh ann.

Fócas eile de mholtaí 2007 agus 2008 ab ea nádúr agus neart **smachta inmheánacha na bpáirtithe**, agus tá an bhéim atá curtha anois ar an ngné seo tugtha faoi ndeara.

Mhol an Coiste, chomh maith, go neartódh an Roinn a cuid tacaíochta do chlár oibre **Leasaithe na NA** le Ag Seachadadh le Céile san áireamh, agus luaitear gur thóg an Roinn ról láidir ins an aicme seo ag leibhéal CC na Náisiún Aontaithe agus, i dteannta san, maidir leis na téarmaí tacaíochta le haghaidh fhorfheidhmithe i dtaobh leasú an AE ina dtíortha páirtíochta san Afraic agus san Áis.

Luaitear, chomh maith, mar fhreagra ar na moltaí príomha, go leanann Cúnamh Éireann ag glacadh páirt le luacháil **Tacaíochta Buiséid**.

Tá obair ar an luacháil ar ghnéithe éagsúla de Thacaíocht Ginearálta Bhuiséid ag dul ar aghaidh go leanúnach. Beidh Cúnamh Éireann páirteach i 2011/12 i mór-luacháil ar thionchar Tacaíochta Ghinearálta Buiséid sa Tansáin. Tá aghaidh á thabhairt ar an luacháil faoi choimirce an ECFE/DAC agus beidh ionadaíocht déanta ar Éire i ngrúpa bainistíochta na luachála seo i dteannta leis an AE (i gceannas), an Danmhairg agus an Íseal Tír. Beidh sé seo mar an ceann is déanaí de shraith cleachtais luachála cuí inar ghlac Éire páirt ghníomhach ann.

Tá moltaí a déanadh cheana maidir le tionchair an **díláraithe** ar sheachadadh chlár Chúnamh Éireann tugtha faoi ndeara, chomh maith. Tá gach iarracht á dhéanamh ag an mbainistíocht an cuimhne institiúidach a chosaint agus an fhoireann fhorbartha shaineolach a athchur a cailleadh de bharr díláraithe Chúnamh Éireann. Tagann deacrachtaí ar leith aníos maidir le haistriú fhoireann taidhleoireachta ag rothlú thar saile ó CC Chúnamh Éireann i Luimneach agus tá an Roinn ag déanamh scrúdú, ar bhonn leanúnach, ar na roghanna chun freagra a thabhairt ar na gnéithe seo.